

**AN PLEAN NÁISIÚNTA  
GNÍOMHAÍOCHTA  
UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA 2007-2016**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL  
2008**



**An Rannán um Chuimsiú Sóisialta  
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

ISBN: 978-0-9563903-1-8

An Rannán um Chuimsiú Sóisialta 2009

(Prn: A9/1485)

Deireadh Fómhair 2009

# Clár

|   |   |    |
|---|---|----|
| Réamhrá an Aire   |   | 5  |
| <b>Cuid 1</b>   |   |    |
| Caibidil 1  | Brollach  | 7  |
| Caibidil 2  | Leanaí  | 9  |
| Caibidil 3  | Daoine in Aois Oibre  | 15 |
| Caibidil 4  | Seanóirí  | 21 |
| Caibidil 5  | Daoine faoi Mhíchumas   | 25 |
| Caibidil 6  | Pobail  | 29 |
| Caibidil 7  | Cur i nGníomh & Monatóireacht   | 37 |
| <b>Cuid 2</b>   |   |    |
| Dul chun cinn maidir le spriocanna sa Phlean Náisiúnta<br>Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 |   | 41 |
| Aguisín 1   | Léarscáil na Struchtúr Institiúideach                                   | 81 |
| Aguisín 2   | Tomhas na Bochtaineachta le haghaidh<br>Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn | 83 |





## Réamhrá an Aire

Gheofar sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar Chuimsiú Sóisialta 2008 srac-chuntas ar mar atá an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, 2007-2016 á chur i ngníomh.

Rinneadh an-dul chun cinn i raon leathan réimsí sa bhliain 2008. Bhain idir leanaí, dhaoine in aois oibre, sheanóirí agus dhaoine faoi mhíchumas tairbhe as seirbhísí feabhsaithe. Rinneadh dul chun cinn maidir le tacaíochtaí níos fearr a sholáthar do phobail agus imircigh a imeascadh isteach i sochaí na hÉireann.

I réimse an leasa shóisialaigh, méadaíodh tacaíochtaí ioncaim arís sa bhliain 2008, mar bhreis ar an mórfheabhsuithe a rinneadh i mblianta roimhe sin. Sampla amháin de na feabhsuithe seo is ea na méaduithe sa Phinsean Stáit (Ranníocaíoch) a mhéadaigh de €14 ó €223.20 sa tseachtain i mBuiséad 2008. B'ionann é sin agus méadú de 50% ar ráta 2002. Ba mhór an tionchar a bhí ag méaduithe leanúnacha sa phinsean ar chaighdeán mhaireachtála seanóirí ionas gur féidir leo anois aghaidh níos muiníní a thabhairt ar an todhchaí. Cuireadh méaduithe inchomparáide ar íocaíochtaí eile leasa shóisialaigh i mBuiséad 2008. Rinne Buiséad 2009, a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2008, feabhsuithe eile trí mhéadú a chur ar na bunrátaí leasa shóisialaigh.

Is é príomhspríoc an Phlean Gníomhaíochta cionroinnt na ndaoine atá beo bocht, .i. iadsan a bhfuil ioncaim acu atá faoi bhun an leibhéil “i mbaol bochtaineachta” nach bhfuil ar a gcumas a bheith rannpháirteach nó atá imeallaithe ó rannpháirteachtas i ngníomhaíochtaí a nglactar leo mar norm do dhaoine eile sa tsochaí.


Thaispeáin an Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SICM) 2007, a foilsíodh sa bhliain 2008, an dul chun cinn a bhí déanta um an dtaca sin sa réimse seo. Laghdaigh céatadán na ndaoine atá beo bocht go 5.1% sa bhliain 2007 agus bhí gach cosúlacht ann go sroichfeadh sé an sprioc de idir 4% agus 2% faoin mbliain 2012, agus an aidhm go gcuirfí deireadh le bochtanas faoin mbliain 2016.

Ó 2007/08 i leith, tharla cúlú mór eacnamaíochta, as a lean méadú mear ar dhífhostaíocht agus easnamh suntasach ar fháltais chánach chun caiteachas poiblí a chistiú. Dá bhrí sin, níl na toimhdí bunúsacha ar a bunaíodh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta i dtús aimsire, bailí a thuilleadh, a bheag nó a mhór.

Tá géarghá le geilleagar forásach iomaíoch a sholáthróidh mórchuid post agus leis na hacmhainní atá riachtanach chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chistiú má táthar le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta a chomhrac. Tosaíocht amach is amach, dá réir sin, a bheidh san iarracht fás eacnamaíoch a athbhunú ionas gur féidir Spriocanna Ardleibhéil agus aidhmeanna an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta a bhaint amach sna blianta romhainn.

Cuireann sé sin dúshlán ollmhór, ní amháin faoin Rialtas, ach faoin tsochaí ina hiomláine. Beimid ag dul i gcomhairle agus chun cainte le gach páirtí leasmhar chun gur féidir beartais agus cláir a cheapadh a chuirfidh ar ár gcumas na daoine is leochailí a chosaint, fad is atá coigeartú ar siúl chun an t-airgeadas poiblí a chur ar bhonn slán arís. Tá muinín agam go n-atosóidh an dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta má théimid i mbun oibre i gcomhar.

Mary Hanafin TD  
Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Cuid 1 Caibidil 1**

**Brollach**

## Brollach

Seoladh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, 2007 go 2016, i mí Feabhra 2007. Leagtar amach ann clár fadréimsitheach agus cuimsitheach gníomhaíochta chun cabhrú leo siúd nár bhain aon tairbhe as na feabhsuithe i ndálaí maireachtála agus na deiseanna atá ann don tromlach. Gheofar sa phlean sraith spriocanna ardleibhéil agus aidhmeanna a fhéachann le tionchar cinniúnach a bheith acu ar bhochtaineacht. Díríonn siad ar:

- Cinntiú go gcomhlíonann leanaí a n-acmhainn ar fad;
- Tacú le daoine in aois oibre agus daoine faoi mhíchumas, trí bhearta gníomhúcháin agus seirbhísí a sholáthar a mhéadóidh ar fhostaíocht agus ar rannpháirteachas;
- Na cineálacha tacaíochtaí a sholáthar a chumasaíonn do seanóirí caighdeán maireachtála compordach agus ardcháilíochta a bheith acu;
- Pobail inmharthana agus inbhuanaithe a thógáil, feabhas a chur ar shaol na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus caipiteal sóisialta a mhéadú.

Aithníonn an Plean, mar ábhar ar leith, na dúshláin leanúnacha atá fúthu siúd atá ag obair ach gur beag a dteacht isteach, chomh maith le leochaileacht iad siúd atá i dteaghlaigh gan teacht isteach ó fhostaíocht. Ina fhianaise sin tá béim á cur athuair sa Phlean Gníomhaíochta ar sheirbhísí, ar ghníomhachtú agus ar thacaíocht do phoist ar ardchaighdeán.

Déanann an Tuarascáil cur síos ar cé mar a cuireadh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta i ngníomh sa bhliain 2008. Clúdaíonn Cuid 1 an dul chun cinn maidir leis na Spriocanna Ardleibhéil sa Phlean Gníomhaíochta i dtaobh na saolréanna. Leagtar síos sa Phlean sraith aidhmeanna níos sainiúla, ar bhonn saolré chomh maith, agus gheofar cur síos i gCuid 2 den Tuarascáil ar a mhéid a bhfuil na haidhmeanna seo á mbaint amach.



## Caibidil 2

# Leanaí

## Fís

Is í an fhís do leanaí in Éirinn a leagtar amach in *I dTreó 2016* sochaí ina mbeidh meas ar leanaí mar shaoránaigh óga ar féidir leo a gcion féin a dhéanamh agus a bhfuil a nguth féin acu; sochaí mar a mbeidh grá agus tacaíocht le fáil ag an uile leanbh óna dteaghlaigh agus ón tsochaí i gcoitinne; mar a mbeidh saol an linbh acu agus mar a gcomhlíonfaidh siad a n-acmhainn. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh agus tá sé tiomanta dá chur chun feidhme inár ndlíthe agus inár mbeartais.

Chun an fhís seo a fhíorú, tá gealltanas tugtha ag an Rialtas agus ag na comhpháirtithe sóisialta go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile in imeacht na gcéad deich mbliana eile chun na spriocanna fadtéarmacha seo a leanas a bhaint amach do leanaí na hÉireann:

- Ba cheart go bhfásfadh gach leanbh i dteaghlach mar a bhfuil rochtain ar dhóthain acmhainní, tacaíochtaí agus seirbhísí le gur féidir an leanbh a chothú agus aire a thabhairt dó/di agus chun cúram a dhéanamh d'fhorás an linbh agus dá rannpháirteachas iomlán agus cothrom sa tsochaí;
- Ba cheart go mbeadh teacht ag gach teaghlach ar sheirbhísí cúraim leanaí

a oireann dá dtosca agus do riachtanais a leanaí;

- Ba cheart go mbeadh cumas litearthacha agus uimhearthachta ag gach leanbh ar fhágáil na scoile dó/di;
- Ba cheart go gcríochnódh gach dalta sraith shinsearach nó a cóibhéis (TFC san áireamh) a oirfidh dá gcumas agus dá spéiseanna;
- Ba cheart go mbeadh teacht ag gach leanbh ar sheirbhísí sláinte den scoth; ar sheirbhísí sóisialta pearsanta agus ar chóiríocht oiriúnach;
- Ba cheart go mbeadh teacht ag gach leanbh ar ghníomhaíochtaí ardchaighdeáin súgartha, spóirt, caitheamh aimsire agus cultúrtha chun a n-eispéireas mar leanbh a shaibhriú; agus
- Ba cheart go mbeadh teacht ag gach leanbh agus duine óg ar rannpháirteachas cuí i gcinnteoireacht áitiúil agus i gcinnteoireacht náisiúnta.

### **Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann ceithre cinn den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le leanaí,

agus cuirtear béim ar an oideachas agus ar thacaíochtaí ioncaim. Lena chois sin, gheofar sa phlean dhá cheann is daichead d'aidhmeanna do leanaí, a chlúdaíonn réimsí mar fhorás agus cúram luathóige, cothú, easpa dídine, ceartas don óige agus rannpháirteachas leanaí i gcinnteoireacht.

## **Sprioc 1: Oideachas**

*A chinntiú go gcuirfeair oideachas réamhscoile ar fáil do leanaí ó phobail bhunscoileanna uirbeacha arna gclúdach ag an bplean gníomhaíochta Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS).*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Oideachais & Eolaíochta:

- Is tríd an gClár Náisiúnta Infheistíochta i gCúram Leanaí 2006-2010 a infheistíonn an Stát i mbonneagar réamhscolaíochta. Is é ról an Chláir sin feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair oideachais san earnáil. Meastar go gcruthófar breis is 25,000 áit bhreise cúram leanaí leis an gcistiú caipitil a leithdháiltear faoin gclár. De bharr an chúlaithe eacnamaíochta, bhí an clár caipitil dúnta d'iarrthóirí nua le linn 2009.
- I measc na mbeart feabhsaithe cáilíochta tá Síolta, an creat náisiúnta

cáilíochta don oideachas luathóige agus d'fhorbairt Chreat um Luathfhoghlaim. D'oibrigh comhordaitheoirí Síolta le dhá cheann de na cláir um Chosc agus Idirghabháil Luath a chomhchistigh Oifig an Aire Leanaí agus Atlantic Philanthropies chun cur le caighdeán an tsoláthair laistigh de cheantair faoi mhíbhuntáiste.

- Bhí an clár an Túis Luath i bhfeidhm i gceantair faoi mhíbhuntáiste chomh maith.
- Chun caighdeán an tsoláthair a fheabhsú i suíomhanna Blianta Luatha, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, d'oibrigh Aonad Beartais an Oideachais sna Blianta Luatha leis na Gníomhaireachtaí Deonacha Cúram Leanaí a chistítear faoin gClár Náisiúnta Infheistíochta i gCúram Leanaí ar chlár feidhmiúcháin le haghaidh Síolta, an Creatlach Náisiúnta Cáilíochta don Oideachas Luathóige.

## **Sprioc 2: Oideachas**

*Laghdú a dhéanamh ar chionmhaireacht na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí móra litearthachta acu i mbunscoileanna a fhónann do phobail faoi mhíbhuntáiste. An*

*sprioc ná an chionmhaireacht a laghdú de leath ón 27% go 30% i láthair na huairé go faoi bhun 15% faoin mbliain 2016.*

Thuairiscigh an Roinn Oideachais & Eolaíochta dul chun cinn maidir le roinnt tionscnamh de chuid CDSS, lena n-áirítear:

- Cuireadh 45 scoil CDSS breise san áireamh i gclár Athghreim ar an Léitheoireacht sa bhliain 2008 a thug líon iomlán na scoileanna a bhí ag cur an chláir seo i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2008 go 212.
- Sa bhliain 2008, chuir 32 scoil CDSS Céad Céimeanna sa Léitheoireacht i bhfeidhm, rud a thug líon iomlán na scoileanna CDSS a bhí ag cur an ghné seo de Chéad Chéimeanna i bhfeidhm go 281. Chuir 42 scoil CDSS eile Céad Chéimeanna sa Scríbhneoireacht i bhfeidhm, rud a thug líon iomlán na scoileanna CDSS a bhí ag cur an ghné seo den chlár i bhfeidhm go 57. Bhí 283 scoil CDSS san iomlán san áireamh sa chlár Céad Chéimeanna.
- Sa bhliain 2008, tháinig 164 scoil CDSS isteach sa chlár Athghreim ar an Mhatamaitic, rud a thug líon iomlán na scoileanna CDSS sa chlár Athghreim ar an Mhatamaitic go 247.

- Cuireadh oiliúint maidir le húsáid an chláir Matamaitice Ready Set Go ar fáil do na bunscoileanna CDSS i gCrios Uirbeach 1 agus 2 agus cuireadh an clár seo chun feidhme i ngach ceann de na scoileanna seo.
- Ceapadh teimpléid pleanála saindeartha agus cuireadh chun feidhme iad sna bunscoileanna ar fad atá rannpháirteach in CDSS. Tugadh isteach iad sna scoileanna dara leibhéal le linn na scoilbhliana 08/09.

### **Sprioc 3: Oideachas**

*Féachaint chuige go sáróidh an chionmhaireacht den daonra d'aois 20-24 a chríochnóidh oideachas sinsearach dara leibhéal nó a chóibhéis 90% faoin mbliain 2013.*

Ghlac an Roinn Oideachais & Eolaíochta cur chuige leathan chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile.

- Príomhchomhpháirt is an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) faoin CDSS de straitéis na Roinne chun leatrom fabhrach a dhéanamh ar son leanaí agus doaine óga a d'fhéadfadh an scoil a fhágáil roimh am agus straitéisí áitiúla a cheapadh chun leibhéal rannpháirteachais uasta a chinntiú i bpróiseas an oideachais. Bhí 124

tionscadal CCS ann sa bhliain 2008, a dhírigh ar tuairim is 36,000 duine óg agus a chlúdaigh 26 contae. Leithdháileadh €31.353m ar an gCCS don bhliain 2009.

- Is ar an mBord Leasa Oideachais Náisiúnta (BLON) atá cúram maidir le tinreamh scoile. Is iad feidhmeanna an Bhoird a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil aitheanta nó go bhfaigheann ar bhealach éigin eile oideachas íosta áirithe. Ag cloí le beartas na Roinne maidir le comhtháthú níos dlúithe ar sheirbhísí tacaíochta, oibríonn an BLON, Idirchaidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal agus an CCS i dteannta a chéile chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil chun dul i ngleic le tinreamh scoile. Mí na Nollag 2008 foilsíodh an tríú tuarascáil bliantúil maidir le neamhláithreachas i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna bunaithe ar shonraí ó Thuarascáil Bhliantúil BLON um Thinreamh. Rinne an tuarascáil anailís ar shonraí ó scoilbhlianta 2003/4 go 2005/6. Thaispeáin torthaí na tuarascála ráta neamhfheastail ar scoileanna in Éirinn de 6% i mbunscoileanna agus 8%

nó mar sin in iarbhunscoileanna.

- Tá freagracht ar an mBord chomh maith as taighde a dhéanamh ar na bunchúiseanna le heaspa freastail agus torthaí taighde mar é a dháileadh chun cuidiú le scoileanna cóid iompair agus straitéisí tinrimh a cheapadh. Is trí líonra Oifigeach Leasa Oideachais (OLO) an Bhoird, go príomha, a chomhlíonann an Bord a théarmaí tagartha chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar an scoil agus go mbaineann sé/sí tairbhe as an oideachas. Gach bliain, pléann OLOanna le tuairim is 10,000 cás de leanaí a thuairiscítear le deacrachtaí tinrimh scoile.

#### **Spríoc 4: Tacaíocht Ioncaim**

*Comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim linbh a choimeád ag 33%-35% den íocaíocht íosta leasa shóisialaigh don duine fásta ar feadh thréimhse an Phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim leanaí a fhéachann le cabhrú le leanaí i dteaghlach ar ioncam íseal.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlach:

- I mBuiséad na bliana 2008, mhéadaigh an t-

íosráta Sochair Linbh de €6 sa mhí go €166 agus méadaíodh an ráta ab airde de €8 sa mhí go €203.

- Mhéadaigh ráta an Mhéadaithe i Leith Linbh Cháilithe de €2 sa tseachtain go €24 sa tseachtain.
- Méadaíodh rátaí gach Liúntais Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua de €20 in aghaidh an linbh. Ba iad rátaí na bliana 2008 €200 (leanaí idir 2 agus 11 bhliain d'aois) agus €305 (leanaí d'aois 12 agus os a chionn).
- B'ionann Tacaíocht Ioncaim Linbh, comhdhéanta de na trí íocaíocht, agus 33.4% den ráta leasa shóisialaigh ab ísle don duine fásta.

## **Caibidil 3**

# **Daoine in Aois Oibre**

## Fís

An fís atá leagtha amach in *dTreo 2016* do dhaoine in aois oibre ná Éire mar a bhfuil dóthain ioncain agus deiseanna ag an uile dhuine in aois oibre a bheith rannpháiriteach chomh hiomlán agus is féidir sa saol eacnamúil agus sa saol sóisialta agus mar a bhfuil tacaíocht le fáil ag an uile dhuine agus a t(h)eaghlach i bhfoirm raon seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán chun cur le caighdeán a mbeatha agus lena bhfolláine.

Chun a fhís seo a fhíorú, tá gealltanais tugtha ag an Rialtas agus ag na comhpháirtithe sóisialta go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile in imeacht na gcéad deich mbliana eile chun na spriocanna fadtéarmacha seo a leanas a bhaint amach do dhaoine in aois oibre:

- Ba cheart gach duine atá in aois oibre a mhisniú agus a thacú chun páirt iomlán a ghlanadh sa saol sóisialta, i saol an tsaoránaigh agus sa saol eacnamúil;
- Bheadh ag an uile dhuine in aois oibre teacht ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, braistint slándála pearsanta i dtimpeallacht oibre atá ag athrú agus deis chun cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus an saol an teaghlaigh ar aon dul le riachtanais ghnó;
- Bheadh leibhéal ioncain ag an uile dhuine in aois oibre le go bhféadfaidís caighdeán maireachtála inghlactha a bhuanú agus soláthar a dhéanamh le haghaidh ioncam leordhóthanach nuair a rachaidís ar scor;
- Bheadh teacht ag an uile dhuine in aois oibre atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar thacaíochtaí i leith forchéimniú agus cuimsiú, teacht ar dheiseanna ardchaighdeán oibre agus oideachais, a mhisneodh iad le bheith níos féintuilleamaíche agus níos leoire iontu féin;
- Bheadh comhionannas deiseanna agus saoirse ó leithcheal ag an uile dhuine, beag beann ar chúlra nó ar inscne;
- Bheadh teacht ag an uile theaghlach ar chúram sláinte agus sóisialta, ar chóiríocht inacmhainne a riarfadh ar a gcuid riachtanas agus ar chóras iompair poiblí a d'fheidhmeodh mar is cuí;
- Bheadh teacht ag an uile dhuine a raibh cúraimí cúraim orthu ar na tacaíochtaí cuí le go bhféadfaidís na freagrachtaí sin a chomhlíonadh gan chur isteach ar fhostaíocht ná ar ghealltanais eile.



## Dul chun cinn maidir le Spríocanna Ardleibhéil

Baineann dhá cheann den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le daoine in aois oibre. Cuireann siad béim ar fhostaíocht, ar rannpháirteachas agus ar thacaíocht ioncaim mar cheisteanna tosaíochta. Lena chois sin, gheofar sa Phlean ocht sprioc agus gníomhaíocht eile ar fhichead, a chlúdaíonn ceisteanna mar an litearthacht, oideachas dara seans agus comhionannas.

### Sprioc 5: Fostaíocht agus Rannpháirteachas

*Cur chuige gníomhach bainistithe cásanna a thabhairt isteach a thacóidh leo siúd atá ag fáil íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh chun áit a fháil sa chóras oideachais nó oiliúna, nó post a fháil. An sprioc ná tacú le 50,000 duine dá leithéid, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus an sprioc foriomlán ná líon na ndaoine ar íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh an t-aon ioncam atá acu a laghdú de 20% faoin mbliain 2016. Athbhreithneofar an sprioc seo i bhfianaise taithí.*

Brostaíodh an sprioc seo ar bhonn tras-Rannach agus seo an dul chun cinn a tuairiscíodh:

- Forálann an Plean Náisiúnta Forbartha (PNF)

2008-2013 le haghaidh an Chláir um Rannpháirteachas Sóisialta agus Eacnamaíochta a bhfuil infheistiú de tuairim is €50 i gceist leis thar thréimhse an phlean. Is é príomhchuspóir an chláir rannpháirteachas agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí bhíthin beart gníomhachtúcháin dírithe ar an uile dhuine in aois oibre. Trí Fho-Chlár atá ann, an Fo-Chlár Gníomhúcháin, an Fo-Chlár um Fhilleadh ar an Obair agus an Fo-Chlár um Fhilleadh ar an Oideachas.

- Chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tús leis an gClár Gníomhachtúcháin mí Mheán Fómhair 2008. Tá an clár seo dírithe ar an uile dhuine in aois oibre ar a n-áirítear iad siúd atá ag fáil íocaíochtaí dífhostaíochta, breoiteachta agus aontuismitheora. Leathnaigh príomh-mhír an Fho-Chláir Ghníomhúcháin seirbhís Éascaitheora na Roinne agus tá clár oibre sonraite ag gach Éascaitheoir. Dearadh clár na nÉascaitheoirí mar chur chuige spriocaimsithe, ina ndéantar bainistiú gníomhach ar chásanna agus ina gceaptar pleananna forchéimniúcháin ar

bhonn aonraic. Ceapadh 20 éascaitheoir breise, a thug an t-iomlán go 60 agus aithníodh 10 láthair eile le haghaidh ceapachán.

- Fuair an "Tionscadal Gníomhachtúcháin Míchumais" cistiú faoin "Clár Oibriúcháin Infheistíochta i gCaipiteal Daonna 2007-2013" nua de chuid an ESF agus cuireadh tús leis mí Eanáir 2008. Ba i gCo. na hIarmhí a cuireadh an chéad chéim i bhfeidhm agus leathnófar é chuig an chuid eile de Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair le linn 2009.
- Chuir plépháipéar an Rialtais "Tograí chun Tacú le Tuismitheoirí Aonair" roinnt moltaí chun cinn chun déileáil le baic ar fhostaíocht a bheadh le sárú ag tuismitheoirí aonair agus ag teaghlaigh eile ar ioncam íseal. Ar na moltaí seo bhí leathnú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Gníomhíochta um Fhostaíocht chun díriú ar thuismitheoirí aonair, soláthar cúram leanaí spriocaimsithe agus tabhairt isteach íocaíocht nua cúnamh shóisialta le haghaidh teaghlach ar ioncam íseal a bhfuil leanaí óga acu.
- D'oibrigh Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Chuimsiú Sóisialta ar

phlean feidhmiúcháin chun na moltaí neamhioncaim a bhrostú. Pléadh ceisteanna lena n-áirítear teacht ar thacaíocht cúram leanaí, oideachas, oiliúint agus bearta gníomhachtúcháin leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí lena mbaineann mar aon le ceapadh scéim nua íocaíochta.

- Chun bonn eolais breise a chur faoin bpróiseas, thástáil an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le comhoibriú ó FÁS, ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, na tograí i suíomh uirbeach agus i suíomh tuaithe: An Chúlóg, Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh. Bhí tuismitheoirí aonair agus daoine fásta cáilithe i gceist sa phróiseas. Rinneadh na staidéir seo idir Samhain 2007 agus Feabhra 2008 chun forbairt an bheartais agus sonraí oibriúcháin na scéime nua a éascú.
- Fad a bhí an mheicníocht nua tacaíochta seo á forbairt, cuireadh tús le teagmháil leis na héascaitheoirí, mí Mheán Fómhair 2008, le líon beag faighteoirí Íocaíocht an Aontuismitheora a raibh leanaí acu a bhí ag teacht in aois 17 nó 18 d'fhonn tacú leo agus iad ag dul isteach in

oideachas, oiliúint nó i bpost. Leanfar den próiseas seo sa bhliain 2009. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méadú ar an mbeochlár air, más ea.

## **Spríoc 6: Tacaíocht Ioncaim**

*Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choimeád ag €185.80 ar a laghad, i dtéarmaí 2007, le linn thréimhse an Phlean seo, faoi réir na hacmhainní a bheith ar fáil.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh:

- I mBuiséad na bliana 2008, méadaíodh de €12 ráta pearsanta gach ceann de na híocaíochtaí aois oibre agus méaduithe comhréireacha le haghaidh an uile dhuine a bhí ag fáil na rátaí laghdaithe. I ndiaidh an Bhuiséid ba é €197.80 an ráta íocaíochta leasa shóisialaigh ab ísle.



## Caibidil 4

# Seanóirí

## Fís

An fhís a leagtar amach in *I dTreo 2016* le haghaidh seanóirí ná Éire mar a gcuirtear tacaíochtaí ar fáil, nuair is gá, chun a chumasú do sheanóirí a gcaighdeán sláinte agus folláine a choimeád, agus saol gníomhach iomlán a chaitheamh ar bhealach neamhspleách ina n-áit chónaithe agus ina bpobal féin chomh fada agus is féidir.

Chun an fhís seo a fhíorú, tá geallta ag an Rialtas agus ag na páirtithe sóisialta in *I dTreo 2016* oibriú i gcomhar in imeacht na gcéad deich mbliana eile chun na spriocanna fadtéarmacha seo a leanas a shroicheadh i bhfianaise an mhéadaithe ar fhad saoil agus na ndeiseanna agus na n-ionchas breise maidir le caighdeán beatha seanóirí:

- Ba cheart an uile sheanóir a mhisniú agus a thacú chun a bheith rannpháirteach a mhéid agus is féidir sa saol sóisialta agus i saol an tsaoránaigh;
- Ba cheart go mbeadh teacht ag an uile sheanóir ar ioncam atá leordhóthanach chun caighdeán maireachtála inghlactha a choinneáil;
- Ba cheart go mbeadh tacaíocht leordhóthanach ag an uile sheanóir le gur féidir leo maireachtáil go neamhspleách ina n-áit

chónaithe fein chomh fada agus is féidir. Chuige sin, beidh teacht ar sheirbhísí ardchaighdeán sa phobal riachtanach, lena n-áirítear: sláinte, oideachas, iompar, tithíocht agus slándáil; agus

- Bheadh teacht ag an uile sheanóir, de réir a gcuid riachtanas agus ag smaoineamh ar an leibhéal ard míchumais agus staideanna martraithe i measc mhuintir an ghrúpa seo, ar speictream de sheirbhísí cúraim sa raon ó thacaíocht d'fhéinchúram go tacaíocht le haghaidh cúraim sa raon ó chúramóirí teaghlaigh agus cúramóirí neamhfhoirmeálta go cúram foirmeálta ag an mbaile, sa phobal nó i suíomh cónaithe. Ba cheart go gcinnteodh seirbhísí cúraim dá leithéid go bhfuil deiseanna ag an duine a bheith rannpháirteach sa saol sóisialta agus i saol an tsaoránaigh ag leibhéal pobail.

### **Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann dhá cheann den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le seanóirí. Cuireann siad béim ar thacaíocht ioncaim agus ar

chúram pobail mar cheisteanna tosaíochta do sheanóirí. Lena chois sin gheofar ocht gcinn déag de spriocanna sa Phlean, a chlúdaíonn ceisteanna mar thithíocht, cúram fadtéarmach agus rannpháirteachas.

### **Sprioc 7: Cúram Pobail**

*Méadú leanúnach a dhéanamh ar infheistíocht i seirbhísí cúraim phobail do sheanóirí, lena n-áirítear pacáistí cúraim bhaile agus seirbhísí feabhsaithe cúraim lae, chun gur féidir leo fanacht ina gcónaí go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Sláinte agus Leanaí:

- Cuireadh 12 milliún uair an chloig chabhair bhaile nach mór ar fáil le linn 2008. Sa tréimhse chéanna, thairbhígh breis is 11,900 cliant san iomlán den phacáiste cúraim bhaile agus ag 31 Nollaig 2008 bhí 8,900 duine ag fáil an phacáiste.
- Cuireadh tús le meastóireacht ar Phacáistí Cúraim Bhaile a scrúdaigh gach ceist a bhaineann lena gcistiú agus lena seachadadh. Tá súil go mbeidh deireadh leis an meastóireacht i lár na bliana 2009.
- Leithdháileadh €3.6 milliún breise do chúram lae/cúram faoisimh, a chistigh 21,300 áit san iomlán.

### **Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim**

*Íocaíocht íosta de €200 sa tseachtain a choimeád, i dtéarmaí 2007, le haghaidh gach pinsean leasa shóisialaigh le linn thréimhse an Phlean seo agus cur leis an soláthar seo, más féidir, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus do ghealltanas an Rialtais in I dTreo 2016. Athbhreithneofar na struchtúir agus an córas foriomlán pinsin faoin gcuirtear tacaíochtaí ioncaim ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin, a bheidh ar fáil go luath, a chríochnófar ag deireadh mhí an Mhárta 2007.*

*Athbhreithneoidh sé sin gach ceann de na crainn taca faoi sholáthar pinsin.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh:

- Ó Eanáir 2008, mhéadaigh ráta pearsanta an Phinsin Stáit (Neamhranníocaíoch) de €12 sa tseachtain, rud a thug an ráta uasta seachtainiúil go €212;
- Mhéadaigh ráta pearsanta an Phinsin Stáit (Ranníocaíoch) de €14 sa tseachtain, rud a thug an ráta uasta seachtainiúil go €223.30. Lena chois sin, mhéadaigh an ráta uasta do dhuine fásta cáilithe de 66 bliain agus os a chionn de €27 sa tseachtain, rud a thug an ráta seachtainiúil go €200

nó 94.3% de ráta uasta an  
Phinsin Stáit  
(Neamhranníocaíoch).

- Sháraigh na méaduithe seo ar phinsean méaduithe i bpraghsanna sa tréimhse ó deonáíodh iad, rud a chiallaigh feabhsuithe suntasachta ar rátaí pinsin i bhfíorthearmaí.
- Foilsíodh an Páipéar Uaine ar Phinsin mí Dheireadh Fómhair 2007. Tá crealach fadtéarmach pinsin á cheapadh i láthair na huairé agus foilseorfar é sa bhliain 2009.



## Caibidil 5

# Daoine faoi Mhíchumas

## Fís

An fhís a leagtar amach in *I dTreo 2016* le haghaidh daoine faoi mhíchumas ná Éire mar a bhfuil deis ag daoine faoi mhíchumas, a mhéid agus is féidir, saol iomlán a chaitheamh lena dteaghlaigh agus mar bhaill dá bpobal áitiúil, saor ó leithcheal.

Chun an fhís sin a fhíorú, tá geallta ag an Rialtas agus ag na páirtithe sóisialta go n-oibreoidh siad i gcomhar sna deich mbliana romhainn chun na spriocanna fadtéarmacha seo a leanas a shroicheadh d'fhonn feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh ar an gcaighdeán beatha atá ag daoine faoi mhíchumas.

- Bheadh teacht ag an uile dhuine faoi mhíchumas ar ioncam atá leordhóthanach chun caighdeán maireachtála inghlactha a choinneáil;
- Bheadh teacht ag an uile dhuine faoi mhíchumas, de réir a gcuid riachtans agus a gcuid cumas, ar sheirbhísí cúí cúraim, sláinte, oideachais, fostaíochta, oiliúna agus sóisialta;
- Bheadh teacht ag an uile dhuine faoi mhíchumas ar spásanna poiblí, ar fhoirgnimh, ar iompar, ar eolas, ar abhcóideacht agus ar sheirbhísí poiblí

eile agus ar thithíocht oiriúnach;

- Bheadh tacaíocht le fáil ag an uile dhuine faoi mhíchumas le gur féidir leo, chomh fada agus is féidir, saol neamhspleách iomlán a chaitheamh, a bheith rannpháirteach in obair agus sa tsochaí agus chun a n-acmhainn a chomhlíonadh;
- Bheadh aitheantas ann do chúramóirí agus gheobhaidís tacaíocht dá ról mar chúramóir.

### Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil

Cuireann an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais, béim ar rannpháirteachas san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht. Lena chois sin, gheofar sa Phlean ocht sprioc a chlúdaíonn tithíocht, tacaíocht ioncaim, oideachas agus rochtain ar fhoirgnimh, ar bhonneagar agus ar iompar poiblí.

### Sprioc 9: Fostaíocht agus Rannpháirteachas

*Líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil post acu agus nach deacair dóibh an post sin a choinneáil, a mhéadú. An sprioc tosaigh ná 7,000 breise den chóhort sin a bheith fostaithe faoin mbliain 2010.*

*An sprioc fadtéarmach ná ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú ó 37% go 45% faoin mbliain 2016, arna dtomhas ag an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta iomlán rannpháirteachais in oideachas, in oiliúint agus i bhfostaíocht de 50% faoin mbliain 2016. Athbhreithneofar na spriocanna seo i bhfianaise taithí agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.*

Táthar ag coinneáil leis an sprioc seo ar bhonn tras-Rannach agus tuairiscítear an dul chun cinn seo a leanas:

- Socraítear sprioc náisiúnta bliantúil i ngach réigiún FÁS sa chéad ráithe den bhliain le haghaidh roinnt spriocghrúpaí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Sa bhliain 2008 ba é sprioc FÁS méadú íosta de 2% a dhéanamh ar leibhéil 2006 i gcás gach grúpa sainithe mar sin a bhí ag baint leasa as seirbhísí FÁS.
- Tar éis athbhreithniú cuireadh Scéim Fóirdheontais Pá FÁS ar bhonn seasta ón 1 Deireadh Fómhair 2008, faoi réir roinnt leasuithe a rinneadh chun feabhas a chur ar oibriú na scéime. Chuir FÁS na leasuithe seo i bhfeidhm.
- Athbhreithnigh FÁS an Clár Fostaíochta arna Thacú ag FÁS agus

rinneadh moltaí chun oibriú agus éifeachtacht an chláir a fheabhsú. D'fhaomhaigh Bord Feidhmiúcháin FÁS plean gníomhaíochta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

- Cuireadh tús le Treoirscéim nua Lár na Tíre faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun cuidiú le daoine atá fáil íocaíocht a bhaineann le míchumas. Tá Grúpa Feidhmiúcháin Áitiúil ar a bhfuil ionadaithe ó FÁS, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, freagrach as oibriú an tionscadail a mhaoirsiú. Cuireadh an tionscnamh i bhfeidhm i dtosach mar threoirscéim i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair d'fhonn samhail a fhorbairt a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta.
- Tugadh faoi thionscadal taighde thar ceann na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maidir le líon na míchumas a fhaigheann daoine le linn a saol oibre. Dhírigh seo ar mhíchumas as a leanann neamhláithreachas fadtéarmach ón obair, agus ar bhaic a mheastar atá ann ar dhaoine a choinneáil i bpost tar éis an mhíchumais. Tugadh an tionscadal chun críche

agus cuireadh na  
príomhthorthaí i láthair  
an Fhórait  
Chomhairliúcháin um  
Straitéis Fostaíochta do  
Dhaoine faoi Mhíchumas  
mí na Nollag 2008.

## Caibidil 6

# Pobail

## Fís

Bunaítear an fhís mar atá sí leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta ar phobail inmharthana agus inbhuanaithe a thógáil, agus feabhas a chur ar shaol na ndaoine a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus caipiteal sóisialta a fhorbairt. Tosaíocht ar leith is ea í dul i ngleic le míbhuntáiste i gceantair uirbeacha agus i gceantair tuaithe. Is féidir le cineálacha éagsúla bochtanais uirbigh a bheith ann – teaghlaigh bochta a chónaíonn i gceantair uirbeacha, pobail uirbeacha mar a bhfuil leibhéal arda dífhostaíochta agus líon mór daoine bochta agus ceantair mar a bhfuil meath ag teacht ar an mbonneagar comhshaoil agus sóisialta. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh cineálacha éagsúla bochtanais tuaithe a bheith ann chomh maith. Samplaí is ea daonraí atá ag dul i laghad nó ag fás go mall, daoine óga a bhogann ó cheantair tuaithe go ceantair uirbeacha, easpa seirbhísí, easpa deiseanna fostaíochta, teaghlaigh feirmeoireachta ar ioncam íseal, leibhéal arda cleithiúnachta agus aonrú. Cibé comhthéacs uirbeach nó tuaithe atá i gceist, is minic a tharlaíonn eisiámh sóisialta mar thoradh ar iliomad míbhuntáiste.

### Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéal

Baineann trí cinn den dá sprioc ardleibhéal déag sa Phlean

Náisiúnta Gníomhaíocht um Chuimsiú Sóisialta le tithíocht, sláinte agus imeascadh imirceoirí. Lena chois sin, gheofar sa Phlean 57 sprioc a chlúdaíonn ceisteanna mar iompar, ganntanas breosla de dheasca bochtaineachta, na healaíona agus tionscnaimh chultúrtha.

### Sprioc 10: Tithíocht

*Tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo riar a dhéanamh ar a gcuid riachtanas tithíochta féin agus bonn a chur faoi phobail inbhuanaithe. Gné thábhachtach ná an méadú mór ar sholáthar tithíochta a léirítear in I dTreo 2016, a mbeidh de thoradh air go dtabharfar aghaidh ar riachtanais chóiríochta 60,000 teaghlach nua sa tréimhse 2007 go 2009. Clúdóidh sin freastal do riachtanais speisialta tithíochta (daoine gan dídean, Taistealaithe, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas).*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

- Cuireadh an bhéim ar chur i bhfeidhm an chláir oibre um leasuithe a leagadh amach sa ráiteas beartais tithíochta Tithe á Seachadadh, Pobail á mBuanú. Dul chun cinn chuige sin ab ea an Bille Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 a foilsíodh mí Iúil na bliana 2008 agus a chuaigh trí

chéimeanna eágsúla an Oireachais.

- Ceapadh cineál nua measúnachta ar riachtanais tithíochta i gcomhairle le Cumann na mBainisteoirí Cathrach is Contae agus cuireadh an creatlach san áireamh sa Bhille Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008. Dréachtfar rialacháin chun éifeacht bhreise a thabhairt don chreatlach um measúnú riachtanas a bhforálar dó i mBille 2008.
- D'fhoilsigh an Roinn treoirlíne nua dearaidh don tithíocht – Tithíocht Cáilíochta le haghaidh Pobal Inbhuanaithe, cuid de svúit de threoir dheachleachtais maidir le cúrsaí pleanála agus tithíochta a d'fhorbair an Roinn chun soláthar níos fearr tithíochta agus comharsanachtaí a chur chun cinn.
- Sroicheadh leibhéil arda gníomhaíochta ar chlár tithíochta sóisialta agus inacmhainne sa tréimhe 2007/08 agus freastalaíodh do riachtanais tithíochta 38,500 teaghlach nach mór trí bhíthin na mbeart sin sa tréimhse seo.
- Beidh tionscnaimh ar nós úsáid socruithe léasaithe fadtéarmacha chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil, mar a fógraíodh sa

bhliain 2008, ríthábhachtach san iarracht freastal do riachtanais shuntasacha tithíochta sna blianta romhainn, d'ainneoin na sriantachtaí ar acmhainní.

- Leanadh den obair chun Straitéis Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas a fhorbairt, faoi choimirce an Ghrúpa Náisiúnta Comhairligh. Tá súil an straitéis seo a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2009.
- *An Bealach Abhaile: Foilsíodh Straitéis chun dul i ngleic le hEaspa Dídine i measc Daoine Fásta in Éirinn 2008-2013* mí Lúnasa 2008.

## Sprioc 11: Sláinte

*Cúig chéad foireann chúraim phríomhúil a sholáthar faoin mbliain 2011 a fheabhsóidh teacht ar sheirbhísí sa phobal, le béim ar leith ar fhreastal do riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Sláinte agus Leanaí:

- Bhí 107 Foireann Chúraim Phríomúil lánfheidhmeach i mbun oibre. Ba é ballraíocht na bhfoirne agus na líonraí seo gairmigh a bhí cheana ann agus baill foirne eile a oibríonn sna seirbhísí cúraim phríomhúil,

cúraim leanúnaigh agus cúraim pobail chomh maith le foireann nua túslíne. Go dtí seo, sannadh breis is 850 gairmeach sláinte comhghaolmhar, lena n-áirítear 300 gairmeach nua túslíne, do na foirne cúraim phríomhúil. Tá atheagrú ar bun ar na struchtúir agus na socruithe oibre a bhí cheana ann.

- Ar feitheamh ar roll amach líon iomlán na bhfoirne cúraim phríomhúil, chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí scéal chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte á rá go gcaithfí tús áite a thabhairt, sa tréimhse ghearrthéarmach, do sholáthar seirbhísí foirne cúraim phríomhúil dóibh siúd ba mhó a bhí ina ngátara agus an bhéim a chur ar fhéachaint chuige gurb iad sealbhóirí cártaí leighis ba mhó a thairbheodh d'fhorbairt na bhfoirne. Tá sé ceaptha gurb iad sealbhóirí cártaí cuairte dochtúirí teaghlaigh an chéad chatagóir eile tosaíochta a gheobhaidh seirbhísí dá leithéid agus go mbeidh foirne ag soláthar seirbhísí ar deireadh don daonra ar fad de réir mar a fhaigheann siad an cumas chun sin a dhéanamh.

## **Spríoc 12: Imeascadh Imirceach**

*Straitéis a cheapadh a bheidh dírithe ar dhaoine a tháinig go hÉirinn le déanaí a imeascadh sa tsochaí. Mar ghníomh tosaigh, cuirfear acmhainní ar fáil chun 550 múinteoir tacaíochta teanga a sholáthar san earnáil oideachais agus cuirfear feabhas ar theacht ar sheirbhísí poiblí eile trí bhithin eolas aistrithe agus tacaíochtaí.*

### **An tAire Stáit um Imeascadh**

Bhunaigh an Rialtas Oifig an Aire um Imeascadh arna mhaoirsiú ag Aire Stáit a bhfuil freagracht air/uirthi as forbairt an bheartais imeasctha, faoi théarmaí tagartha na Ranna Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Oideachais agus Eolaíochta.

- Mí na Bealtaine 2008, d'fhoilsigh an tAire um Imeascadh Ráiteas ar Straitéis um Imeascadh agus Bainistiú Éagsúlachta ar a dtugtar "Migration Nation". Aithníodh sa Ráiteas seo gur dúshlán mór é don Rialtas agus do shochaí na hÉireann an gá atá le daoine ó chultúir, eitneachtaí, teangacha agus reiligiúin dhifriúla a imeascadh ionas go dtiocfaidh siad chun bheith ina saoránaigh nua Éireannacha den aonú is fiche. Leagann an Ráiteas amach na príomhphrionsabail a



bheidh mar bhonn eolais agus mar thaca faoi bheartas an Stáit maidir le himeascadh:

- Cur chuige comhpháirtíochta idir an Rialtas agus eagraíochtaí neamhrialtais, chomh maith le comhlachtaí na sochaí sibhialta, chun deiseanna le haghaidh imeascadh a dhoimhniú agus a fheabhsú.
- Nasc láidir idir beartas um imeascadh agus bearta, straitéisí agus tionscnaimh leathana Stáit um chuimsiú sóisialta.
- Fócas soiléir bheartais phoiblí a sheachnaíonn cruthú sochaithe, pobal comhthreomhara, agus geiteonna uirbeacha, .i. chur chuige príomhshrutha i leith seachadadh seirbhísí d'imircigh.
- Tiomantas do mhodhanna seachadta éifeachtacha áitiúla a ailíníonn seirbhísí d'imircigh le seirbhísí do phobail dúchasacha.
- Tionscnamh comhpháirtíochta sóisialta ab ea Straitéis Ghníomhaíochta chun tacú le hÁiteanna Oibre Imeasctha a d'eagraigh ionadaithe Oifig an Aire um Imeascadh, Comhdháil na gCeardchumann, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na

hÉireann, Cumann na nGnóthas Beag, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Comhlachas Chumainn Thráchtála na hÉireann agus an tÚdarás Comhionannais.

- Áirítear sa Straitéis Ghníomhaíochta raon tionscnamh chun cuidiú le fostóirí agus ceardchumainn freagra éifeachtach a thabhairt ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le lucht saothair atá éagsúil ó thaobh cultúir de agus chun áiteanna oibre imeasctha a chruthú. Sheol an tAire Stáit um Imeascadh an Straitéis an 12 Samhain 2008. Sholáthair Oifig an Aire um Imeascadh cuid den chistiú don Straitéis.

Chuaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhairle go forleathan maidir le forbairt straitéis oideachais idirchultúrtha a fhéachann le daltaí a tháinig go hÉirinn le gairid a imeascadh san oideachas agus as sin sa tsochaí ina hiomláine.

Go déanach sa bhliain 2008, d'óstáil an Roinn Oideachais agus Eolaíochta seacht gcinn de chruinnithe comhairliúcháin maidir le forbairt straitéise a raibh breis is 200 páirtí leasmhara i láthair acu. Lena chois sin, fuarthas breis is 50 freagra scríofa ar an gcomhairliú. Tá an straitéis á dréachtadh i láthair na huaire agus tá súil í a bheith

críochnaithe i bhfómhar na bliana 2009.

- Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na múinteoirí tacaíochta teanga sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna ó 2005 i leith agus chonacthas méadú de níos mó ná an 550 múinteoirí a luaitear sa sprioc. Ba é 1,175 an méadú iomlán sa tréimhse.

|       | Bunscoil | Iarbhun scoil | Iomlán |
|-------|----------|---------------|--------|
| 05/06 | 563      | 263           | 826    |
| 06/07 | 1,068    | 388           | 1,456  |
| 07/08 | 1,522    | 479           | 2,001  |

I bhfianaise na gciorruithe a fógraíodh i mBuiséad mhí Dheireadh Fómhair 2008, laghdófar líon na múinteoirí tacaíochta teanga sna scoileanna ó Mheán Fómhair 2009.

- Maidir le hábhar aistrithe, gheofar naisc ar leathanach baile láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (<http://www.education.ie>) chuig príomhdhoiciméid sa Ghearmáinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Pholainnis, sa Rúisis agus sa Spáinnis. Chuir an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais ábhar ar fáil do thuismitheoirí in ocht gcinn déag de theangacha.

(<http://www.newb.ie/publications/parentdocumentation.asp>). Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta DVD ar fáil do thuismitheoirí i mBéarla, i nGaeilge, i bhFraincis, i bPolainnis agus i Liotuáinis agus ar fhístéip leathanbhanda (<http://www.ncca.biz/dvd/index.html>).

### Seo mar a thuairiscigh an Roinn Sláinte agus Leanaí:

- Soláthraíonn Straitéis Náisiúnta Sláinte Idirchultúrtha FSS 2007 – 2012 creatlach lenar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus cúraim daoine ó chultúir agus ó chúilraí éagsúla eitneacha, agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann agus iad ag soláthar seirbhísí freagrúla atá inniúil ó thaobh cultúir de. Bhí moltaí na straitéise á gcur chun feidhme i gcónaí de réir a chéile i dtréimhse ama cúig bliana. I measc na dtosaíochtaí bhí eolas a aistriú, samhlacha caighdeánacha léirmhíniúcháin a fhorbairt agus foghlaim agus tacaíocht na foirne. Aistríodh eolas mar gheall ar conas úsáid a bhaint as na seirbhísí sláinte in Éirinn agus mar sin de go dtí na mórtheangacha a labhartar sa tír agus cuireadh ar fáil é ar láithreán Gréasáin FSS.

- Sampla eile de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun riachtanais sláinte an ghrúpa seo a aithint agus a chomhlíonadh ab ea roll amach an Aithinteora Eitnigh chun go mbeadh pleanáil i dtaobh riachtanas úsáideoirí na seirbhíse bunaithe ar fhianaise. Tacaíodh le roinnt soláthraithe seirbhíse sláinte agus iad ag cur réimse an aithinteora eitnigh i bhfeidhm ina gcórais sonraí.



## Caibidil 7

# Cur i nGníomh & Monatóireacht

## Brollach

Gealltanais uailmhianacha agus dúshlánacha is ea na gealltanais atá leagtha amach sna straitéisí um chuimsiú sóisialta.

Bunaíodh raon struchtúr institiúideach chun leas a bhaint as acmhainní i ngach Roinn Rialtais agus chun a chinntiú go nglactar cur chuige comhtháite crosghearrtha agus comhordaithe i leith dul i ngleic le nádúr iltoiseach agus casta an bhochtanaís. Ina measc tá:

### **Coiste Comh-Aireachta agus Grúpa na nOifigeach Sinsearach**

An Coiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeascadh faoi cheannas an Taoisigh agus arna thacú ag Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Chuimsiú Sóisialta.

Treoraíonn Grúpa na nOifigeach Sinsearach, faoi cheannas Roinn an Taoisigh, forbairt leanúnach an phróisis straitéisigh, i gcomparáid lena chur i bhfeidhm, agus cuireann comhairle ar an Rialtas maidir le forbairt straitéisí ar fud na Ranna agus ar thorthaí na monatóireachta agus na measúnachtaí, go háirithe i bhfianaise phróiseas na comhpháirtíochta sóisialta trí bhíthin, mar shampla, na Tuarascála Bliantúla um Chuimsiú Sóisialta.

### **Grúpa Stiúrtha I dTreo 2016**

San áireamh sa ghrúpa stiúrtha seo tá comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na ranna rialtais

agus na ngníomhaireachtaí lena mbaineann. Is air atá an fhreagracht iomlán as cur chun feidhme *I dTreo 2016* a bhainistiú, faoi mar a bhaineann sé leis na ceisteanna leathana neamhphá. Déanann sé monatóireacht agus meastóireacht ar dhul chun cinn agus tugann comhairle maidir le forbairtí sa todhchaí i bhfianaise tuairimí eagraíochtaí agus na leasanna a ndéanann siad ionadaíocht dóibh.

### **An Grúpa Comhairleach Teicniúil (GCT)**

Soláthraíonn an GCT ar a n-áirítear ionadaithe de chuid Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus na comhpháirtithe sóisialta comhairle maidir le ceisteanna a bhaineann le straitéis sonraí um chuimsiú sóisialta. Seo mar a fhorálann *Idirbhreithniú agus Comhaontú Idirlinne ar I dTreo 2016*: "Cuirfidh an Oifig um Chuimsiú Sóisialta tograí i dtoll a chéile, faoi lúil 2009, i gcomhar leis na Ranna agus Comhpháirtithe Sóisialta lena mbaineann, le haghaidh táscairí feidhmíochta maidir leis na spriocanna fadtéarmacha i gcás gach céim den saolré."

Bunaíodh foireann tionscadail chun an gealltanais seo a chomhlíonadh agus chun tuairisciú maidir le soláthar na dtáscairí a ndéantar tagairt dóibh. Beidh an fhoireann tionscadail, faoi cheann an Rannáin um Chuimsiú Sóisialta a tháinig in áit na hOifige um Chuimsiú Sóisialta, comhdhéanta de fhochoiste den Ghrúpa Comhairleach Teicniúil

agus, ag brath ar na beartais, grúpaí leochaileacha agus ceantair faoi mhíbhuntáiste atá á mbreithiú, ionadaithe de chuid Ranna Rialtais, na n-údárás áitiúil agus na gcomhpháirtithe sóisialta.

### **Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige**

Tá téarmaí tagartha leathana ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chun teagmháil a dhéanamh le ranna agus gníomhaireachtaí ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí. Bainfidh Oifig an Aire, agus í ag iarraidh feabhas leanúnach a chur ar torthaí do leanaí, leas as torthaí an taighde ar an gClár um Chosc agus Idirghabháil Luath do Pháistí, as na ceachtanna praiticiúla a foghlaimíodh i gcur chun feidhme Choistí Seirbhísí na Leanaí (CSLanna) agus as foghlaim ó fhóiraim eile lena mbaineann.

Ag leibhéal náisiúnta, leanann Grúpa Feidhmithe Straitéis Náisiúnta na Leanaí de bheith ag cothú nuála agus ag cur borradh faoi fheidhmiú modhanna nua agus feabhsaithe a dearadh chun a chinntiú gurb é chun leasa an pháiste a gcuirtear na seirbhísí ábhartha ar fáil. Tá an cur chuige seo bunaithe ar obair an Ionaid um Sheirbhísí Éifeachtacha a cheanglóidh dearadh agus cur chun feidhme seirbhísí leanaí le heolas eolaíoch agus teicniúil mar gheall ar conas a bheith éifeachtach. Meastar go bhfeicfear torthaí dearfacha

agus intomhaiste do leanaí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, a bheidh á gcothú ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

### **Grúpa Ardleibhéil um Spreagadh a Sholáthar do Dhaoine chun Post a Fháil**

Bunaíodh Grúpa Ardleibhéil, comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, FÁS agus Roinn an Taoisigh chun comhtháthú níos fearr a chinntiú ar thacaíochtaí gníomhúcháin, ioncaim agus tacaíochtaí eile nach iad agus chun spreagadh a thabhairt do dhaoine chun post a fháil.

### **An Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Is é Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Míchumas, comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ó Ranna Rialtais lena mbaineann, a thuairiscíonn don Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeachadh, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Neartú ar na nósanna imeachta monatóireachta agus athbhreithnithe a bhí cheana ann ab ea bunú Ghrúpa Monatóireachta na bPáirtithe Leasmhara ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais faoi *dTreo 2016* agus cinntíonn sé gaol forásach leanúnach leis na páirtithe leasmhara.

Tá an tAire Stáit ar a bhfuil cúram ar leith maidir le ceisteanna míchumais agus meabhairshláinte suite sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Baineann téarmaí teagartha an Aire Stáit le ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine faoi mhíchumas faoi shainchúram na Ranna Oideachais agus Eolaíochta agus Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

### **Imeascadh Imirceach**

Tá Oifig an Aire um Imeascadh bunaithe ag an Rialtas faoi mhaoirsiú Aire Stáit a bhfuil sé de chúram air beartas um imeascadh a cheapadh. Is í Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SNEI), tríd an Gníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh (GFI), atá freagrach as bearta um imeascadh a chur chun cinn agus a chomhordú i gcás gach inimirceach a bhfuil cónaí air/uirthi go dleathach in Éirinn.

### **Sannacháin bhreise Rialtais chun freagairtí beartais a éascú**

Le cois na nAírí Stáit um Leanaí, Imeascadh agus Ceisteanna Míchumais agus Meabhairshláinte, ceapadh roinnt Airí Stáit eile, a réisíonn a sainchúraim raon ranna rialtais, chun feabhas a chur ar fhreagairtí comhtháite ar bhochtanas agus ar eisiámh sóisialta. Ina measc siúd tá na hAírí Stáit um:

- Seanóirí;
- Straitéis Drugaí agus Gnóthaí Pobail.

### **Grúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe**

Bhunaigh Boird Forbartha Contae Grúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe chun seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí do Thaistealaithe a chomhordú. Gheofar in *IdTreo 2016* gealltanas ó na comhpháirtithe sóisialta ar fad chun "aire chomhchruinnithe" a dhíriú ar dhul chun cinn níos fearr a bhaint amach do Thaistealaithe, bunaithe ar an gcur chuige comhtháite áitiúil. Bunaíodh Coiste Náisiúnta Monatóireachta agus Comhairleach do Thaistealaithe mí an Mhárta 2007 mar fhóram náisiúnta chun idirphlé a éascú idir pháirtithe leasmhara.

### **Ón leibhéal náisiúnta chuig an leibhéal áitiúil**

Is é tasc an Ghrúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta neadú an chuimsithe shóisialta a chur chun cinn agus a thacú i rialtas áitiúil agus deachleachtas a thacú, a chur chun cinn agus a leathadh. Bíonn cruinnithe ráithiúla i gcónaí ag an nGrúpa agus tacaíonn sé leis an Líonra Foghlama Rialtais Áitiúil um Fhrithbhochtanas.



## Cuid 2

**Dul Chun Cinn  
maidir leis na  
Spriocanna sa  
Phlean Náisiúnta  
Gníomhaíochta um  
Chuimsiú Sóisialta  
2007-2016**

# Céim Saolré: Leanaí

## Treoirlínte do Thús Áite do Leanaí

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Torthaí an athbhreithnithe ar <i>Tús Áite do Leanaí</i> : Foilseofar <i>Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí</i> go luath sa bhliain 2007. | Bhí pleananna ar bun chun Treoirlínte leasaithe do Thús Áite do Leanaí a eisiúint a fhógrófar tríd an tseirbhís phoiblí. Molann Grúpa Feidhmithe Thuarascáil an Choimisiún chun Fiosrú a Dhéanamh ar Mhí-Úsáid Leanaí "go bhfoilseodh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige eagrán leasaithe de Thús Áite do Leanaí". |

## Cúram Leanaí

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Déanfar athbhreithniú ar an Plean Náisiúnta Infheistíochta i Cúram Leanaí (NCIP), 2006-2010, le linn 2010 i gcomhairle leis na páirtithe sóisialta. Déanfaidh an t-athbhreithniú measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo chun riachtanais chúram leanaí a chomhlíonadh chun féachaint chuige go mbeidh freagairtí nua beartais agus aon chlár (chláir) dá éis oiriúnach do riachtanais chúram leanaí atá ag teacht chun cinn. | Cistítear Scéim Fhóirdheontais Cúram Leanaí an Phobail 2008-2010 trí shnáithe ioncaim an NCIP. Tacaíonn an Scéim le tuairim is 1,000 seirbhís chúraim leanaí a dtairbhíonn 30,000 tuismitheoir cáilithe nó mar sin de agus a sholáthraíonn áiteanna cúraim leanaí do 30,000 leanbh nó mar sin. Tá súil go mbeidh cistiú de €57m nó mar sin ar fáil don Scéim sa bhliain 2009.  |
| Ceapfar <i>Straitéis Náisiúnta Oiliúna Cúram Leanaí</i> chun 17,000 áit oiliúna a sholáthar i gcúram leanaí sa tréimhse 2006-2010, agus beidh forálacha cáilíochta agus oiliúna an NCIP san áireamh inti.   | Is é an Plean Forbartha Fórsa Oibre don eanáil ECCE a thugtar anois ar an Straitéis Oiliúna Cúram Leanaí. Seoladh páipéir chúlra agus doiciméad comhairliúcháin i dtaobh Forbairt Líon Saothair san eanáil ECCE mí an Mheithimh agus tá siad ar fáil go leictreonach ar <a href="http://www.omc.gov.ie">www.omc.gov.ie</a> Cruinníonn na doiciméid, den chéad uair riamh, sonraí ó ilfhoinsí maidir leis an eanáil ECCE. Beidh deireadh leis an bpróiseas comhairliúcháin an 30ú Meán Fómhair agus foilseofar an Plean Forbartha Líon Oibre ina dhiaidh sin. |
| Cuirfear tús sa bhliain 2007 le nósanna imeachta agus tuarascálacha caighdeánaithe cigireachta faoi na Rialacháin Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006.   | Chuir FSS an clár caighdeánaithe i ngníomh agus tá sé á thacú tuilleadh ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige trí chaighdeáin náisiúnta cáilíochta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí réamhscolaíochta.   |

## Óige

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| <p>Leanfaidh an Ciste um Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga de bheith ag cuidiú chun áiseanna agus seirbhísí a fhorbairt don óige (lena n-áirítear áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire) i gceantair faoi mhíbhuntáiste mar a bhfuil fadhb mhór drugaí nó a bhféadfadh fadhb mar í teacht chun cinn.</p> <p>D'fhéadfaí cumhdach geografach an Chiste a leathnú chuig ceantair uirbeacha eile faoi mhíbhuntáiste. Leanfaidh an Ciste de bheith ag díriú ar dhaoine idir deich mbliana agus bliain is fiche d'aois atá 'i mbaol'. agus de bheith ag neartú agus ag comhlánú bearta óige faoi Chlár na Leanaí sna ceantair ina bhfuil sé i bhfeidm.</p> | <p>Cuireadh cistiú ar fáil sna blianta 2007 agus 2008 chun tacú le seirbhísí agus le háiseanna sna ceantair ainmnithe.</p> <p>Mhéadaigh an cistiú bliantúil go €18m sa bhliain 2008. De seo, leithdháileadh breis is €3.5m ar 23 tionscadal nua, lena n-áirítear leithdháiltí ar Rugbaí/CLG, Spóirt agus Forbairt na Dornálaíochta.</p> <p>Chistigh caiteachas caipitil de bhreis is €7m agus €5m sna blianta 2007 agus 2008 faoi seach trí cinn is seasca d'áiseanna.</p> <p>Mí na Bealtaine 2008, fógraíodh go raibh an Ciste le leathnú chuig ceithre cinn de bhailte nua – An tInbhear Mór, Baile Átha Luain, Dún Dealgan agus Loch Garman. Lena chois sin, cuireadh tús sa bhliain 2008 le socruithe chun freagracht as an gciste a aistriú chuig Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.</p> |

## Ceartas don Óige

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| <p>Cinntoidh Seirbhís na hÉireann um Cheartas don Óige go gcuirfead na seirbhísí ar fáil a bheidh ag teastáil chun tús feidhme a chur le gach malairt phobail ar choinneáil, arna seachadadh ag an tSeirbhís Phromhaidh, chomh luath agus is féidir sa tréimhse 2007-2013.</p> <p>Is é 1 Márta 2007 an dáta sceidealta do thús feidhme na forálacha reachtacha chun smachtbhannaí pobail a chur i ngníomh. Rollfar na bearta amach ar fud na tíre de réir a chéile ina dhiaidh sin. Tabharfar an roll amach seo chun críche faoi mbliain 2013.</p> | <p>Cuireadh tús le feidhmiú gach foráil d'Acht na Leanaí 2001 a bhí fós gan fheidhmiú. Lean Seirbhís na hÉireann um Cheartas don Óige, i gcomhar le Rannán Promhaidh Ógra na Seirbhíse Promhaidh, de bheith ag roll amach sa bhliain 2008 na smachtbhannaí nua pobail a ndéantar foráil dóibh faoin Acht, a thugann malairtí ar choinneáil do na Cúirteanna i gcás daoine óga a dhéanann cionta. Den deich smachtbhanna pobail, tá cúig cinn ar fáil ar fud na tíre agus ceithre cinn eile ar fáil i gceantair ar leith. Beidh athrú reachtach de dhíth chun gur féidir an smachtbhanna eile, an t-ordú um dhuine oiriúnach, a chur ar fáil go hiomlán. Le cois na smachtbhannaí pobail, tá dhá rogha eile ar fáil anois ar fud na tíre do na cúirteanna – an chomhdháil teaghlaigh promhaidh agus an t-ordú maoirseachta tuismitheoirí.</p> |
| <p>Méadóidh líon iomlán na dTionscadal Athstíúrtha don Óige go tuairim is 130, agus freastalóidh siad ar 4,500 duine óg nó mar sin faoin mbliain 2013. Déanfar meastóireacht chuimsitheach ar na tionscadail Athstíúrtha don Óige idir</p>   | <p>Cuid lárnach d'fhorbairt an cheartais don óige agus de na seirbhísí a sholáthraíonn Seirbhís na hÉireann um Cheartas don Óige is ea an Straitéis Náisiúnta um Cheartas don Óige 2008-2010. Ceapadh é i gcomhairle leis na príomhpháirtithe</p>  |

2007-2008 chun bheith mar bhonn eolais le héabhlóid na dtionscadal.

leasmhara atá ag obair sa réimse seo agus díríonn ar leanaí a raibh teagmháil éigin acu cheana féin leis an gcóras ceartais choiriúil. San áireamh sa straitéis tá roinnt spriocanna do pháirtithe leasmhara a chabhróidh chun dul chun cinn a thomhas agus chun a chinntiú cá háit ar chóir na hacmhainní atá ar fáil a dhíriú. Ceann amháin díobh seo ná gealltanais chun bearta athstiúrtha a athbhreithniú chun a n-éifeacht foriomlán a fheabhsú.

Sampla de seo sa bhliain 2008 ná an anailís bonnlíne a rinneadh ar Thionscadail Rannán Óige an Gharda. Tionscnaimh ilghníomhaireachta, pobalbhunaithe, um chosc coireachta is ea na tionscadail seo a fhéachann le ciontóirí óga agus daoine a d'fhéadfadh cionta a dhéanamh a athstiúrú ó iompar coiriúil agus/nó frithshóisialta trí ghníomhaíochtaí oiriúnacha a sholáthar chun forás pearsanta a éascú, freagracht phoiblí a chur chun cinn agus ionchais fadtéarmacha fostaíochta a fheabhsú. Cé gur méadaíodh líon na dtionscadal sa bhliain 2007 ó 71 go 100, níorbh fhéidir a líon a mhéadú tuilleadh sa bhliain 2008 de bharr an chor chun donais sa gheilleagar. Ina ionad sin, chun a n-éifeachtacht a fheabhsú tuilleadh, d'athbhreithnigh an tSeirbhís gníomhaíochtaí na dtionscadal a bhí cheana ann i bhfianaise patrún coireachta na n-ógánach áitiúil, próifíl na ndaoine óga a dhéanann cionta agus an fhianaise a bhí ar fáil maidir le deachleachtas agus feabhsuithe a bhí á lorg ag na tionscadail féin. Bhí an tuarascáil i dtaobh na hanailíse bonnlíne seo ar tí a bheith críochnaithe ag deireadh na bliana 2008 agus foilseofar í sa bhliain 2009. Cuirfear a mholtaí chun éifeachtacht na dtionscadal a fheabhsú i ngníomh ina dhiaidh sin.

Cuireadh feabhas ar na seirbhísí a bhí dá gcur ar fáil ag Tionscadail Rannán Óige an Gharda sa bhliain 2008 le cabhair ón gClár Infheistíochta i gCaipiteal Daonna a pháirt-chistíonn Ciste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, a fhorálann le haghaidh fostaí breise amháin in aghaidh gach 100 Tionscadal Rannán Óige an Gharda agus an cuspóir sainiúil acu cur le cumas na rannpháirtithe fostaíochta a fháil. Sholáthair an t-oibrí breise tacaíocht do rannpháirtithe chun

|  |  |
|--|--|
|  | breisoideachas agus oiliúint a fháil trí dhul i mbun oibre le daoine óga, gníomhaireachtaí ábhartha agus fostóirí. Thairbhígh tuairim is leath de na tionscadail den tionscnamh seo sa bhliain 2008 agus tá súil é a roll amach chuig na tionscadail eile sa bhliain 2009. |
|--|--|

## Easpa Dídine Daoine Óga

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Déanfaidh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ) athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i ngníomh na Straitéise um Easpa Dídine Daoine Óga agus ceapfar clár nua gníomhaíochta sa bhliain 2007. | <p><i>Tuarascáil Ghrúpa Oibre Náisiúnta Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS um Easpa Dídine Daoine Óga.</i> Bunaíodh an grúpa oibre seo sa bhliain 2006 chun scrúdú a dhéanamh ar mholtaí a rinneadh i dtuarascálacha le gairid maidir le heaspa dídine daoine óga agus chun stiúir a sholáthar d’FSS maidir le seachadadh na seirbhíse seo.</p> <p>Tá tuarascáil tugtha chun críche anois agus cuireadh ar aghaidh í chuig an nGrúpa Náisiúnta Stiúrtha do Leanaí &amp; Teaghlaigh i bhFSS dá bhfaomhadh agus dá gceadú.</p> <p>Cabhróidh an tuarascáil seo, ar a faomhadh, maille leis an athbhreithniú a rinne FSS roimhe sin ar chur i ngníomh na straitéise um easpa dídine daoine óga agus taighde a rinneadh le deireanas ar réimse easpa dídine daoine óga, le OALGÓ treo an bheartais sa réimse seo a chinneadh don toadhcháí.</p> |

## Meabhairshláinte

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Foírne Pobail Meabhairshláinte (FPM) do leanaí agus d’ógánaigh a sholáthar, faoi chreatlach <i>Straitéis na Físe don Athrú</i> , i gcoibhneas FPM amháin in aghaidh gach 100,000 den daonra faoin mbliain 2008 agus dhá FPM in aghaidh gach 100,000 den daonra faoin mbliain 2013. | <p>Tá caoga cinn d’fhorne meabhairshláinte leanaí agus ógánach i bhfeidhm i láthair na huairé agus tá ocht bhfoireann eile le ceapadh faoi dheireadh chéad ráithe na bliana 2009.</p> <p>Méadóidh líon iomlán na leapacha d’othair chónaithe do leanaí agus d’ógánaigh ó dhá cheann déag go tríocha faoi dheireadh mhí an Mhárta 2009 – osclaíodh ceithre leaba in Ionad Leanaí Naomh Áine, Gaillimh, mí Aibreán 2008, sé leaba idirlinne in Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc, Baile Átha Cliath agus osclófar ocht leaba in Ospidéal San Stiofáin, Corcaigh go luath sa bhliain 2009.</p> |

|  |  |
|--|--|
|  | Tá tús curtha leis an tógáil chun aonad fiche leaba a sholáthar i gCorcaigh agus aonad fiche leaba eile a sholáthar i nGaillimh. Chífeadh méadú suntasach ar líon na leapacha do leanáí faoi dheireadh na bliana 2010 nuair a bheidh na haonaid saincheaptha seo tógtha agus de bharr an mhéadaithe bhreise ar líon na leapacha. |
|--|--|

## Mí-úsáid Substaintí a Chosc agus a Leigheas

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Déanfar monatóireacht ar mhinicíocht na dtreochtaí ó thaobh úsáid tobaic agus substaintí eile de tríd na Suirbhéanna Náisiúnta ar Shláinte agus Stíleanna Beatha agus trí Thionscadal Suirbhé Scoile na hEorpa ar Alcól agus ar Dhrugaí Eile (ESPAD). Beidh torthaí ESPAD ar fáil ag deireadh 2007 nó go luath sa bhliain 2008. | Foilsíodh torthaí an tSuirbhé Náisiúnta Sláinte agus Stíleanna Beatha (SLAN 07) an 29ú Aibreán 2008. Soláthraíonn an staidéar sonraí bonnlíne maidir le raon iompar sláinte a bhaineann le stíleanna beatha i ndaonra na hÉireann lena n-áirítear úsáid tobaic agus substaintí eile miondealaithe de réir aoise agus aicme shóisialta. |
| Soláthrófar teacht ar chóireáil do 100% d'úsáideoirí fadhbacha drugaí atá faoi 18 mbliana d'aois laistigh de mhí amháin ó mheasúnú.   | Níl aon duine faoi 18 mbliana ag feitheamh ar dhul isteach i gclár meatadóin FSS.  |

## Áiseanna Súgartha do Pháistí

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Soláthróidh clár RAPID €3 milliún faoina Scéim Deontais do Chlóis Súgartha sa bhliain 2007/08.  | Fuarthas iarratais ar €2.34m (den €3m a bhí ar fáil) ó 35 ceantar RAPID. Íocadh €0.773m ar chlóis súgartha a tugadh chun críche in dhá cheann déag de cheantair RAPID. Meastar go dtarraingeofar anuas an cistiú ar fad a leithdháileadh faoin Scéim.  |
| Críochnaíodh cúig cinn déag de thionscadail chlóis súgartha sa bhliain 2007 le cistiú de €700,000 nó mar sin faoi Scéim Deontas na nÚdarás Áitiúil um Chlóis Súgartha 2005. Lena chois sin, tá €4 milliún á leithdháileadh ar gach Comhairle Cathrach agus Contae faoi scéim na nÚdarás Áitiúil um Chlóis Súgartha 2006 chun suas le 90 clós súgartha breise a sholáthar in imeacht na gcéad dá bhliain eile. | Ag 31 Nollaig 2008, bhí 149 clós súgartha faoin deontas do chlóis súgartha 2004-06 tugtha chun críche agus cistiú de €6.6m tarraingthe anuas. Tá obair ar siúl i gcónaí ar thionscadail nach bhfuil críochnaithe fós agus meastar go mbeidh siad críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2009. |
| Tabharfar 21 tionscadal chun críche chun áiseanna clár scátála a fhorbairt le cistiú foriomlán de €2 milliún faoi dheireadh na bliana 2007.   | Ag 31 Nollaig 2008, bhí 19 páirc clár scátála tugtha chun críche agus cistiú de €1,660,371 tarraingthe anuas. Meastar go gcríochnófar an dá thionscadal atá fós  |

|  |                              |
|--|------------------------------|
|  | le críochnú sa bhliain 2009. |
|--|------------------------------|

## Lucht Luathfhágála na Scoile/Neamhláithreachas

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Beidh nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm do lucht luathfhágála na scoile faoi mhí na Nollag 2007 i ngach Ionad Oiliúna Pobail, arna gcistiú ag FÁS.   | Tá riachtanais dhearbhaithe cáilíochta curtha san áireamh ag Seirbhísí Corparáideacha, FÁS, i gconarthaí 2008 le haghaidh Ionad Oiliúna Pobail agus le haghaidh Tionscnamh Oiliúna.  |
| Cuirfear Plean Aonair Foghlama i dtoll a chéile agus i ngníomh i gcás gach foghlaimeora agus athbhreithneofar é go rialta le linn a dtréimhse oiliúna. Beidh an próiseas seo i bhfeidhm ó 2008 ar aghaidh.  | Pleananna Aonair Foghlama á gcur i ngníomh i ngach Ionad Oiliúna Pobail.   |
| Forbrófar agus cuirfear straitéis forchéimniúcháin ar fáil ó 2008 ar aghaidh le haghaidh gach foghlaimeora a fhágfaidh Ionad Oiliúna Pobail agus beidh tacaíocht de shé mhí ar a laghad i gceist ann.   | Cuid rithábhachtach den Plean Aonair Foghlama do gach duine a fhágann an scoil go luath a bheidh sa taithí oibre struchtúrach.   |
| Chun níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic le neamhláithreachas, luathfhágáil na scoile, fadhbanna iompraíochta agus riachtanais speisialta, cuirfear 100 post breise ar fáil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais agus don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais faoin mbliain 2009. | I gcás na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, tá líon na síceolaithe tar éis méadú ó 127 sa bhliain 2007/08 go 158 i láthair na huaire. Lena chois sin, cuireadh méadú i gcistiú de €4.75m ar fáil don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus meastar go n-earcófar suas le 50 síceolaí eile leis an gcistiú seo. |

## Imeascadh Leanaí Imirceach

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Cuirfear feabhas ar thacaíocht d'imeascadh éifeachtach leanaí imirceach sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna trí 550 múinteoir breise a sholáthar le haghaidh tacaíocht teanga faoin mbliain 2009 agus cuirfear deireadh leis an teora reatha de bheirt mhúinteoirí breise in aghaidh na scoile. Cuirfear €637 milliún ar fáil faoin mbliain 2013 le haghaidh múinteoirí tacaíochta teanga chun cuidiú le páistí ó chúlraí ina labhartar teanga seachas Béarla. | I bhfómhar na bliana 2008 thosaigh an Roinn ag soláthar oiliúint forbartha ghairmiúil le haghaidh múinteoirí tacaíochta Béarla i mbunscoileanna chun feabhas a chur ar an soláthar le haghaidh páistí sna scoileanna. Cuireadh "trealamh measúnachta" chuig gach bunscoil. Cuireadh oiliúint ar fáil d'oiliúnóirí ag sna hiarbhunscoileanna ionas gur féidir oiliúint áitiúil a sholáthar ag leibhéal na scoile uile. Lena chois sin, seoladh an "Foireann Uirlisí ar son na hÉagsúlachta sa Bhunscoil" i mí na Nollag 2007. Tionscadal uile-Éireann Thuaidh/Theas é seo chun sonraí a sholáthar do scoileanna a chabhróidh |

|  |   |
|--|---|
|  | chun daltaí a imeascadh ar bhonn na scoile uile. B'ionann agus €121 milliún an caiteachas sa bhliain 2007/2008 agus caitheadh €252 san iomlán ó 2005 i leith. |
|--|---|

## Imeascadh Leanaí Taistealaithe

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Cuireadh deireadh de réir a chéile le soláthar leithscartha sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna chun a chinntiú go imeascfar Taistealaithe isteach sna scoileanna príomhshrutha faoi mbliain 2009. | Cuireadh tús leis an obair chun deireadh a chur le soláthar leithscartha sa bhunscoil amháin atá fanta do Thaistealaithe agus sa scoil speisialta amháin atá fanta do Thaistealaithe. |

## Béilí Scoile

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Díreofar ar na 475 scoil i bplean gníomhaíochta CDSS nach dtairbhíonn de chlár na mbéilí scoile chun rannpháirteachas a mhéadú agus méadófar líon na scoileanna rannpháirteacha de 215, faoi dheireadh na bliana 2007. Cuireadh cistiú breise de €3 milliún ar fáil don chlár seo sa bhliain 2007. | Cuireadh cistiú breise de €2 milliún ar fáil chun Scéim na mBéilí Scoile a leathnú go scoileanna eile i dTionscnamh Chomhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (CDSS).<br><br>Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí daltaí as 730 scoil CDSS (83% as an líon iomlán de 875) ag baint tairbhe as scéim na mbéilí scoile. |

## Comhairle na nÓg

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Cuirfear caighdeáin, treoirlínte agus tacaíochtaí nua i bhfeidhm d'oibriú Chomhairle na nÓg faoi mhí Mheán Fómhair 2007. | <i>Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg</i><br>Mar fhreagairt ar mholtaí Ghrúpa Feidhmithe Chomhairle na nÓg, bhunaigh OALGÓ clár cistithe le haghaidh tionscadal a chuirfeadh feabhas ar oibriú Chomhairle na nÓg agus a sholáthródh deiseanna breise le go bhféadfadh daoine óga a bheith bainteach leis an gcinnteoireacht. Bhí an-tóir ar fad ar an gclár agus sa bhliain 2007, fuair 30 den 34 Comhairle na nÓg cistiú faoin scéim. |

## Dáil na nÓg

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Athbhreithneofar ré agus minicíocht Dháil na nÓg faoin mbliain 2008. | <b>Dáil na nÓg</b><br>Freastalaíonn 200 toscaire sna déaga gach bliain agus pléann dhá théama a |



|  |   |
|--|---|
|  | <p>roghnaíodh trí Chomhairle na nÓg roimh ré. Tacaíonn Comhairle Dháil na nÓg leis an ócáid bhliantúil agus déanann an Chomhairle obair leantach le páirtithe leasmhara ar mholtaí Dháil na nÓg, arna dtacú ag OALGÓ agus déanann iarracht athruithe a chur i bhfeidhm do dhaoine óga sna réimsí sin.</p> <p><b>Obair Chomhairle Dháil na nÓg 2008</b><br/>     Bhí cruinnithe míosula ag Comhairle Dháil na nÓg le linn 2008. Rinneadh dhá ghrúpa oibre den Chomhairle ar <i>mheabhairshláinte agus leasú oideachais</i>. Rinne siad taighde sna réimsí a dtug Dáil na nÓg 2008 sainordú dóibh ina leith, ar mhaithe le feabhsuithe a bhaint amach sna réimsí sin.</p> <p>Dhírigh an grúpa <i>mheabhairshláinte</i> go príomha ar fheachtas feasachta/fógraíochta a fhorbairt a bheadh dírithe ar dhéagóirí. Dhírigh an gúpa <i>leasú oideachais</i> ar an ngá atá le seirbhísí cuimsitheacha gairmthreorach sna scoileanna, a sholáthraíonn tacaíocht do dhaltá a bhfuil ceisteanna pearsanta chomh maith le ceisteanna gairme le réiteach acu.</p> <p>Bhí an Chomhairle i dteagmháil le roinnt den lucht déanta beartas a d'fhéadfadh comhairle a sholáthar nó tacú le hathrú.</p> |
|--|---|

## An Clár um Chuimsiú

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Bunófar bearta chun a chinntiú go gcuirfear leanaí agus daoine óga ar deacair cabhrú leo san áireamh sna struchtúir rannpháirteachais thuas faoi dheireadh na bliana 2008.</p> | <p><i>Clár OALGÓ um Chuimsiú</i><br/>     Tá OALGÓ tiomanta de chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine óga ar deacair cabhrú leo an deis a bheith rannpháirteach i struchtúir agus i dtionscadail a thugann guth do dhaoine óga i gcinnteoireacht.</p> <p>Soláthraíonn Clár OALGÓ um Chuimsiú eispéiris lánbhríocha rannpháirteachais do dhaoine óga agus aithníonn deachleachtas chun gur féidir le daoine óga ar annamh a chloistear uathu a bheith rannpháirteach i struchtúir agus i bpróisis chinnteoireachta. Aithníonn an clár na deacrachtaí a bhíonn le sárú uaireanta ag daoine arb annamh a chloistear uathu chun bheith rannpháirteach go héifeacht i gComhairle na nÓg nó i bhfóraim eile</p> |

|  |   |
|--|---|
|  | <p>chinnteoireachta do dhaoine óga. Tá seacht gcinn d'eagraíochtaí á gcistiú ag OALGÓ faoin gclár seo.</p> <p>Rinne OALGO meastóireacht ar Bhliain a hAon den Chlár agus foilsíodh an mheastóireacht ar <a href="http://www.omcya.ie">www.omcya.ie</a> Ghabh an mheastóireacht an fhoghlaim ón gclár seo chun a chinntiú gur féidir le líon níos mó daoine óga arb annamh a chloistear uathu a bheith rannpháirteach i struchtúir agus i bpróisis chinnteoireachta. Bhí torthaí na meastóireachta mar bhonn eolais chomh maith le forbairt an chlár agus léiríodh é seo i leithdháileadh an chistithe i mBliain 2. Thairg an Oifig clár forbartha cumais chomh maith d'eagraíochtaí chun cur le hinbhuanaitheacht thionchar an chlár.</p>   |
| <p>Tuairisceoidh OALGÓ don Rialtas sa bhliain 2012 ar an measúnú foriomlán ar shamhlacha de dhea-chleachtais a chuireann chun cinn planáil chomhtháite straitéiseach faoi cheannas mhuintir na háite i gcás seirbhísí le haghaidh páistí. Seo an bonn eolais a bheidh faoi:</p> <p>i) samhlacha tástála tionscnaimh de chuid OALGÓ le haghaidh seirbhísí comhtháite agus idirghabhálacha le haghaidh páistí ag an leibhéal áitiúil;</p> <p>ii) forbairt Choistí Seirbhísí do Pháistí ilghníomhaireachta laistigh de gach ceann de na Boird Fhorbartha Cathrach/Contae;</p> <p>iii) an taighde agus na tionscnaimh leanúnacha forbartha sonraí a rinne OALGÓ nó a fuair tacaíocht ón Oifig.</p> | <p>Bunaíodh an <i>Clár um Chosc agus Idirghabháil Luath do Pháistí</i> mar chlár comh-chistithe idir an Rialtas agus Atlantic Philanthropies (AP). Mairfidh an clár cúig bliana agus tá ciste de €36 milliún aige, ar sholáthair an Rialtas agus Atlantic Philanthropies araon €18 milliún.</p> <p>Is é cuspóir an chlár bearta nuálacha a scrúdú le gur féidir torthaí a fheabhsú do pháistí ar bhealach comhtháite, bunaithe ar fhianaise ar riachtanas sa phobal agus ar chur chuige bunaithe ar fhianaise i leith an tslí le rudaí a bhaint amach. Tugadh forbairt agus coimisiúnú chreat oiriúnach meastóireachta chun críche in dhá cheann de na láithreacha tionscadail agus tá sé ar tí a bheith críochnaithe, le ionchur ó Phainéal Idirnáisiúnta Saineolaithe, OMC agus Atlantic Philanthropies, sa tríú ceann.</p> <p>Cuireadh tús leis an obair ar gach ceann de na trí láthair agus tugadh earcú na croífhoirne chun críche. Ba é seo an staid ag deireadh na bliana 2008:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Ullmhú don Saol:</b> dearadh seirbhíse tugtha chun críche, céim phíolótach tugtha chun críche le haghaidh seachadadh na seirbhíse, tús curtha leis an tseirbhís, creatlach meastóireachta ceaptha agus conradh meastóireachta sínithe, torthaí shonraí bonnlíne á dtiomsú, tús curtha le roll amach <b>SÍOLTA.</b></li> </ul> |

|  |   |
|--|---|
|  | <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Tionscnamh Forbartha Pobail Iarthar Thamhlachta:</b> dearadh na seirbhíse tugtha chun críche, creatlach agus roghanna meastóireachta deiridh aontaithe. Gach idirghabháil á déanamh.</li> <li>• <b>Baile Munna Óg:</b> dearadh na seirbhíse tugtha chun críche nach mór, tús curtha le forbairt cumais agus leis an oiliúint riachtanach. Plean cumarsáide forbartha, sainiú déantar ar chreatlach agus ar roghanna meastóireachta – iarraidh ar thairiscintí le heisiúint go luath.</li> </ul> <p>Bunaíodh Coistí Seirbhísí do Pháistí (CSP) i gceithre cinn de láithreacha ar mhaithe le samhlacha dea-chleachtais a thástáil a chuireann chun cinn pleanáil chomhtháite straitéiseach faoi cheannas mhuintir na háite maidir le seirbhísí do pháistí chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus dá dteaghlach. Sholáthair na láithreacha seo ar fad pleananna oibre agus chuir tús lena gcur i ngníomh. Rolladh samhail Choiste Seirbhísí na bPáistí amach i sé cinn de láithreacha breise.</p> <p>Sa bhliain 2008, seo mar a rinne OALGÓ:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>a) D’fhoilsigh an dara tuarascáil débhlíantúil de <i>State of the the Nation’s Children</i>.</li> <li>b) Leanadh den obair chun Straitéis Náisiúnta Sonraí i dTaobh Páistí a fhorbairt,</li> <li>c) Cistíodh ceithre staidéar taighde iarchéime (cistíodh 31 staidéar taighde iarchéime san iomlán ó 2001 i leith) agus</li> <li>d) Leanadh de bheith ag maoirsiú taighde arna choimisiúnú faoi Chlár Taighde arna chistiú ag OALGÓ (cistíodh 25 staidéar taighde ó thosaigh an Clár seo).</li> </ol> |
|--|---|

## Taighde: Ag fás suas in Éirinn

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| <p>Ag fás suas in Éirinn: an staidéar náisiúnta fadama ar pháistí in Éirinn: Rianfaidh an mórstaidéar seo, a ndearnadh conradh dó maidir leis an tréimhse Aibreán 2006 go deireadh 2012 i dtús báire, torthaí tacaíochtaí agus</p> | <p>Tugadh céad bhabhta na hoibre allamuigh do chóhort na naíonán (11,500 leanbh ag aois a naoi mí) agus do chóhort na leanaí (8,500 páiste ag aois a naoi mbliana) chun críche.</p> |

|   |  |
|---|--|
| <p>beartais Rialtais, tacaíocht pobail agus teaghlaigh, ar pháistí, agus féachfaidh sé ar cé na hathruithe beartais agus na forbairtí eile a bheidh ag teastáil chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Meastar go bhfoilseofar tuarascáil faoi dheireadh na bliana 2008 ina mbeidh na sonraí tosaigh ón staidéar.</p> |  |
|---|--|

# Céim Saolré: Aois Oibre

## Oiliúint & Uas-sciliú

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Infheisteoidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta €2.9 billiún nó mar sin idir 2007-2013 chun oiliúint níos fearr a sholáthar do dhaoine fostaithe, chun cabhrú le daoine a d'fhéadfadh a bheith buailte ag athstruchtúradh tionsclaíoch uas-sciliú a dhéanamh, chun an córas printíseachta a fheabhsú agus a leathnú agus chun deiseanna forchéimnithe a sholáthar do lucht fágála na scoile. | Rinne FÁS Athbhreithniú ar Phrintíseachtaí Bunaithe ar Chaighdeán i gcás fiche cinn de cheirdeanna agus cuireadh curaclam leasaithe i bhfeidhm.  |
| Cláróidh an Ciste um Bunoideachas san Ionad Oibre dhá mhíle foghlaimeoir sa tréimhse 2007-2010.  | Idir 2007-2008 amháin ba é an meastachán coimeádach ná gur chláraigh an Ciste um Bunoideachas san Ionad Oibre i bhfad níos mó ná 2,000 foghlaimeoir. Bhí an Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta in éineacht le FÁS ag athbhreithniú bealaí le héifeachtacht an Chiste a uasmhéadú tuilleadh sa bhliain 2009. |

## Oideachas

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Infheisteofar €1 billiún san iomlán san earnáil iar-ardteistiméireachta sa tréimhse 2007-2013 chun sainscileanna gairmiúla a sholáthar do rannpháirtithe chun cur lena gcumas fostaíochta a fháil agus chun tacú le forchéimniú chuig cúrsaí eile staidéir.   | B'ionann agus €317m le cois an caiteachas foriomlán ar sholáthar cúrsaí iar-ardteistiméireachta sa bhliain 2007 agus 2008. San áireamh anseo bhí costas an teagaisc, na caipitíochta agus tacaíochtaí do mhic léinn. Tá soláthar de €168m nó mar sin á dhéanamh le haghaidh 2009. Tá 30,188 áit ar fáil i láthair na huair.   |
| I gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, socróidh an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas spriocanna agus forbróidh sonraí bonnlíne do rannpháirteachas daltaí faoi mhíchumas, daltaí aibí agus daltaí ó chúla faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta, lena n-áirítear Taistealaithe agus mionlaigh eile sa tréimhse 2007-2013. Cuirfear tacaíocht deontais ar fáil do mhic léinn tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, Ciste Cúnaimh na Mac Léinn, Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise agus | Mí Iúil 2008 d'fhoilsigh an tÚdarás um Ardoideachas an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2008-2013. Ba é an Oifig Náisiúnta Rochtana a dhréachtaigh an Plean i ndlúthchomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus i gcomhairle le cleachtóirí rochtana in institiúidí ardoideachais agus le páirtithe leasmhara eile.<br><br>Ceapadh Ciste Cúnaimh na Mac Léinn chun dul i ngleic le míbhuntáiste trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do |

|   |   |
|---|---|
| <p>acmhainní airgeadais na n-institiúidí ardoideachais.</p> | <p>mhic léinn faoi mhíbhuntáiste a dteastaíonn tacaíocht bhreise airgeadais uathu chun gur féidir leo lántairbhe a bhaint as a gcuid staidéar tríú leibhéal. Faomhadh leithdháileadh comhlán de €5 milliún sa bhliain 2008-09; thairbhígh 9,267 mac léinn nó mar sin den Chiste sa bhliain 2006-07.</p> <p>Soláthraíonn an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas tacaíochtaí agus seirbhísí do mhic léinn chun gur féidir leo a bheith rannpháirteach agus a gcúrsa staidéir a thabhairt chun críche. Faomhadh leithdháileadh comhlán de €13.53 sa bhliain 2007-08 le haghaidh 3,099 mac léinn faofa.</p> <p>Tionscnamh pobalbhunaithe is ea Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise, a sholáthraíonn tacaíocht do mhic léinn ó cheantair faoi mhíbhuntáiste, ar mian leo a bheith rannpháirteach sa bhreisoideachas agus san ardoideachas. Faomhadh leithdháileadh comhlán de €2.18 milliún sa bhliain 2008-09 nuair a thairbhígh 3.532 mac léinn nó mar sin den Chiste.</p> |
|---|---|

## Litearthacht do Dhaoine Fásta

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Laghdófar an cion den daonra idir aois 16-64 a bhfuil litearthacht srianta acu chuig idir 10% -15% faoin mbliain 2016, ón leibhéal de 25% a aithníodh sa bhliain 1997 (litearthacht srianta a shainmhíntear mar Leibhéal 1 ar scála an tSuirbhé Litearthachta do Dhaoine Fásta, nó a chóibhéis).</p> | <p>Ó 1997 i leith, mhéadaigh infheistíocht sa tseirbhís litearthachta do dhaoine fásta ó €1m go €30m sa bhliain 2008. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh líon na rannpháirtithe bliantúla ó 5,000 go 49,000.</p>   |
| <p>Tá tionscadal litearthachta teaghlaigh á chur i ngníomh faoi phlean gníomhaíochta CDSS.</p>  | <p>Cuireadh tús sa bhliain 2007 le scéim litearthachta teaghlaigh chun dul i ngleic le litearthacht neamhghoire i dteaghlaigh idirghlúine faoi thionscnamh CDSS. Faomhadh dhá cheann déag de thionscadail bhreise le haghaidh cistiú sa bhliain 2008. Faomhadh cistiú de €200,000 sa bhliain 2008 le haghaidh naoi gcinn déag de thionscadail san iomlán (cistíodh 7 gcinn sa bhliain 2007).</p> |

## Clár Gníomhachtúcháin

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| <p>Tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh isteach <i>Clár Rannpháirteachais Sóisialta agus Eacnamaíochta</i> nua. An aidhm ná dul ón gcur chuige i láthair na huaire atá fulangach a bheag nó a mhór chuig cur chuige mar a rachaidh an Roinn i dteagmháil le gach duine in aois oibre atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh ag an gcéim éilimh thosaigh chun teagmháil níos dlúithe a dhéanamh ar bhonn aonair. Infheistear €50 milliún nó mar sin sa chlár seo idir 2007 agus 2013 agus caithfear €13 milliún de sin sna céad trí bliana. Mar chuid den phróiseas seo, tabharfar taighde dírithe ar <i>Córas Náisiúnta Próifílithe</i> a fhorbairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2008.</p> | <p>Is é an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta (PGNF), a oibríonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FÁS i dteannta a chéile, an príomhbheart do lucht cuardaigh poist chun aistriú ón gcóras leasa shóisialaigh go saol na hoibre. Gné bhunúsach de dhul i ngleic le riachtanais forchéimnithe daoine ar an mBeochlár is ea próiseas PGNF.</p> <p>Mí Mheán Fómhair 2008 chuir an Roinn tús leis an gClár Gníomhachtúcháin. Tá an clár seo dírithe ar an uile dhuine in aois oibre ar a n-áirítear iad siúd atá ag fáil íocaíochtaí dífhostaíochta, breoiteachta agus aontuismitheora.</p> <p>I míonna an tsamhraidh sa bhliain 2008 d'eagraigh an Roinn clár spriocaimsithe chun daoine óga idir 18 agus 25 bliain d'aois a bhí ar an mBeochlár le breis is sé mhí a mhisniú chun scileanna agus cáilíochtaí breise a ghnóthú faoin Scéim um Fhilleadh ar an Oideachas. Shocraigh éascaitheoirí cruinnithe le cliaint faoi bhun 25 bliain d'aois chun iad a chur ar an eolas i dtaobh na ndeiseanna agus na dtacaíochtaí oideachais atá ar fáil. Cuireadh tús i mí Eanáir 2008 leis an Tionscadal Gníomhachtúcháin Míchumais. Ceapadh éascaitheoir don Tionscadal mí Mheán Fómhair 2008 agus tá an tionscadal faoi lán seoil. Rinneadh teagmháil le 230 duine atá ag fáil íocaíochtaí míchumais/breoiteacha agus eagraíodh 93 cinn d'agallaimh duine le duine go dtí seo. Mar thoradh ar na hagallaimh seo tá beartaithe tionscadail eile á dhíriú ar dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí breoiteachta/míchumais.</p> |
| <p>Soláthróidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tionscadail speisialta chun tacú le forás pearsanta, dianoiliúint, comhairleoireacht agus tacaíochtaí eile dóibh siúd is mó atá imeallaithe. Meastar go gcisteofar 420 tionscadal sa bhliain i dtréimhse an Phlean seo.</p>  | <p>Cumasc de dhá shruth cistithe is ea an Clár Gníomhachtúcháin agus Tacaíochta Teaghlaigh – Ciste na dTionscadal Speisialta agus an Tionscadal Seirbhísí Teaghlaigh. Comhartha ab ea an cónascú, in Eanáir 2008, go raibh an Clár Gníomhachtúcháin agus Tacaíochta Teaghlaigh le ceapadh mar chlár a thacódh le ról agus bainteacht na Roinne i réimse an ghníomhachtúcháin, ról atá ag éirí níos fadréimsí.</p> <p>Is é cuspóir an Chláir cistiú a sholáthar</p>   |

|  |   |
|--|---|
|  | do chláir a chuidíonn le daoine aonair agus teaghlaigh chun a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú trí dheiseanna oiliúna agus foráis phearsanta agus chun cur le caighdeán a beatha. Cistíodh breis is 268 tionscadal sa bhliain 2008 ar chostas €5.5m nó geall leis. |
|--|---|

## An Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Cuireadh feabhas suntasach ar ról scéim an Fhorlíonta Ioncam Teaghlaigh mar thacaíocht ioncaim do theaghlaigh atá ag obair ar ioncam íseal agus athbhreithneofar é le linn 2007. | Ceapadh fócas nua don Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh sa bhliain 2007 i bhfábhar na dteaghlach mór. Ó shin i leith, cuireadh méaduithe san Fhorlíonadh ar fáil gach bliain do gach teaghlach, agus is iad na teaghlaigh mhóra is mó a thairbhíonn de. D'fhoráil Buiséad 2009 do mhéadú sna teorainneacha ioncaim de €10 sa tseachtain maidir le gach leanbh. Is ionann na tairsigh nua seo agus méaduithe sa raon ó €6 go €48 sa tseachtain ag brath ar mhéid an teaghlaigh, ó Eanáir 2009 (le cois na meáníocaíochta seachtainiúil reatha den Fhorlíonadh de €99 nach mór). |

## An Scéim Shóisialta Tuaithe

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Faoin Scéim Shóisialta Tuaithe féadfaidh feirmeoirí ar ioncam íseal agus iascaigh ioncam forlíontach a thuilleamh, agus ag an am céanna, téann sé chun tairbhe do phobail tuaithe trí thaitneamhachtaí agus saoráidí áitiúla a choimeád agus a fheabhsú. Soláthrófar caiteachas de €214 milliún nó mar sin idir 2007 agus 2013 chun tairbhe 2,600 teaghlach nó mar sin. Is í aidhm na scéime sa mheántearma rannpháirtithe a éascú maidir lena rogha láithreach agus cineál oibre. | Sa tréimhse Iúil 2007 go Nollaig 2008 rinne an scéim soláthar le haghaidh 2,600 rannpháirtí agus 130 maor. Leithdháileadh gach áit dá raibh ar fáil (ag leibhéal an rannpháirtí agus an mhaoir araon) agus sannadh cuótaí do gach ceann de na Comhlachtaí Feidhmithe, a sheachadann an scéim thar ceann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. B'ionann agus 1,819 sa bhliain 2007, agus 2,495 sa bhliain 2008, líon na dtionscadal a fuair tacaíocht ón Scéim Shóisialta Tuaithe. |

## An Clár Nascála

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Leanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh de bheith ag cur tionscnaimh chun cinn chun dul i ngleic le patrúin iompair choiriúil a ghabhann le heisiamh | Sa bhliain 2008, d'atreoraigh an tSeirbhís Phromhaidh 2061 ciontóir chuig an gClár Nascála agus láithríodh 767 duine i bpost, sa chóras oideachais nó ar scéim |



|   |  |
|---|--|
| <p>sóisialta, agus ag cur béime ar thionscnaimh um cheartas aisiríoch. Beidh tacaíocht ar fáil go sonrach chun an Clár Nascála a leathnú chun méadú a dhéanamh ar líon na gciontóirí a fhaigheann post, a fhaigheann áit sa chóras oideachais nó ar scéim Fostaíochta Pobail. Meastar go bhfeicfead méadú ó 614 socrúchán sa bhliain 2005 go 900 socrúchán sa bhliain faoin mbliain 2016 mar thoradh ar atreoruithe ón tSeirbhís Phromhaidh chuig an gClár Nascála.</p> | <p>Fostaíochta Pobail.</p> <p>Bhí 23 Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta ag an gClár Nascála sa bhliain 2008.</p> <p>Baineann an Clár Nascála amach na spriocanna a leagadh síos dó i gcónaí agus tá muinín ag an tSeirbhís Phromhaidh go n-éireoidh leis an gClár Nascála a spriocanna pleanáilte cláir a shroicheadh.</p> |
|---|--|

## Straitéis Náisiúnta na mBan

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Foilseofar <i>Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016</i>, go luath sa bhliain 2007, agus féachfaidh sé le raon bearta a chur i bhfeidhm chun deiseanna socheacnamaíochta a chothromú, folláine a chinntiú agus mná a mhisniú chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh i gcinnteoireacht agus sa tsochaí shibhialta. Áirítear air bearta chun mná a mhisniú chun dul chun cinn laistigh den margadh saothair, rud a chuirfeadh lena gcumas tuillimh. Tabharfaidh sé aghaidh chomh maith ar an mbearna pá idir na hinscní, feiniméan eile a mbíonn tionchar aige ar staid eacnamaíochta na mban.</p> | <p>Foilsíodh <i>Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016</i> in Aibreán 2007 agus is iad na trí mhórtéama ann: 'Deiseanna socheacnamaíochta a chothromú do mhná', 'Folláine na mban a chinntiú' agus 'Mná a mhisniú chun bheith ina saoránaigh comhionanna agus gníomhacha'. Tá Coiste Monatóireachta Straitéis Náisiúnta na mBan ag déanamh maoirseachta ar fheidhmiú na Straitéise agus ar an gCoiste sin tá ionadaithe ó na Ranna Rialtais lena mbaineann agus ionadaithe de chuid na bpáirtithe sóisialta agus de chuid Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn. Thuairiscigh Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais dul chun cinn suntasach i leith bhaint amach chuspóirí na Straitéise ag cruinnithe de Choiste Monatóireachta na Straitéise sa bhliain 2008.</p> <p>Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Beart Comhionannais do Mhná nua sa bhliain 2008 agus díreoidh an chéad snáithe de ar 'Teacht ar Fhostaíocht'. Meastar go mbeidh trí shnáithe eile ann. Tá iarratais ar chistiú a rinneadh faoin gcéad Snáithe á mbreithniú, i bhfianaise na staid eacnamaíochta reatha.</p> |

## Athbhreithniú ar an gCód Leasa Shóisialaigh

| <b>Sprioc</b>   | <b>Dul chun cinn</b>  |
|---|---|
| <p>Cuirfidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tús le mór-athbhreithniú sa bhliain 2007 ar an gcód leasa shóisialaigh chun a chomhoiriúnacht leis an Acht um Stádas Comhionann, 2000, a scrúdú. Aithneoidh an t-athbhreithniú aon chásanna de leithcheal díreach nó indéach ar aon cheann de na naoi bhforas a aithnítear faoin Acht, lena n-áirítear inscne, stádas pósta agus stádas teaghlaigh nach mbeadh inchosanta faoi chuspóir dleathach beartais shóisialta.</p> | <p>Tá athbhreithniú teicniúil á dhéanamh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha &amp; Teaghlaigh i láthair na huaire ar an gcód iomlán leasa shóisialaigh chun a chomhoiriúnacht leis an Acht um Stádas Comhionann, 2000 (leasaithe) a scrúdú. Faoin athbhreithniú tá scrúdú á dhéanamh ar na scéimeanna agus na seirbhísí a ndéantar foráil dóibh i reachtaíocht leasa shóisialaigh agus sna scéimeanna riaracháin a oibríonn an Roinn. Tá súil an obair seo a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2009.</p> |

# Saolré: Seanóirí

## Seirbhísí Cónaithe

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Maidir le cúram cónaithe fadtéarmach, cuireadh €88 milliún ar fáil i leith chostas 2,300 leaba breise fadtéarmach poiblí agus príobháideach. Tá sé seo comhdhéanta de €28 milliún d'fheidhmiú lánbhliana 1,050 leaba a soláthraíodh sa bhliain 2006; €32 milliún agus €22 milliún sna blianta 2007 agus 2008 faoi seach chun 1,250 leaba breise a sholáthar; agus €6 milliún chun cigireachtaí ar thithe altranais a neartú.   | Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí 273 leaba poiblí breise fadtéarmach curtha ar fáil d'othair faoin Tionscnamh Mear.   |
| Forálann Bille Sláinte 2005 le haghaidh bunú Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus Oifig Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta laistigh den Údarás. Beidh freagracht reachtúil ar an bPríomhchigire cigireacht agus clárú a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe le haghaidh páistí, ar ionaid chónaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas, ar ionaid chónaithe do sheanóirí agus ar thithe altranais phríobháideacha. Déanfaidh an Príomhchigire cigireacht ar na seirbhísí seo i gcomparáid le caighdeáin arna socrú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Sláinte agus Leanaí. | Achtaíodh an tAcht Sláinte mí Aibreán 2007. Bunaíodh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíochta Sláinte ar bhonn reachtach mí na Bealtaine 2007. Forálann Acht 2007 le haghaidh clárú agus cigireacht ar gach theach altranais - poiblí, príobháideach agus deonach. Is é Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialacha, ar cuid den Údarás é, a dhéanfaidh na cigireachtaí.<br><br>Le linn 2008 leanadh den obair ar <i>Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh gach Suíomh Chúraim Chónaithe le haghaidh Seanóirí</i> agus tá súil é a bheith críochnaithe faoin gcéad ráithe den bhliain 2009. |

## Tithíocht

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Rachaidh Pleananna Gníomhaíochta Tithíochta sa toadhcháil i ngleic le riachtanais speisialta ar shlí níos straitéisí nuair a bheidh deireadh leis na pleananna reatha sa bhliain 2008.  | Tá na pleananna gníomhaíochta tithíochta á n-athbhreithniú i láthair na huairé agus breithneofar na grúpaí sin a bhfuil riachtanais speisialta acu.  |
| Beidh seirbhísí chun slándáil fheabhsaithe baile agus pearsanta a sholáthar le haghaidh seanóirí leochaileacha ina ghníomhaíocht thosaíochta i measc na dTacaíochtaí Pobail le haghaidh Seanóirí. Tá ceaptha iarratais a chistiú le haghaidh tuairim is 5,000 duine in aghaidh an bliana. | Cuireadh acmhainní breise ar fáil le linn 2008 a chiallaigh go bhféadfaí tacaíocht a sholáthar do 11,700 seanóir nó mar sin i bhfoirm aláram faoi mhonatóireacht shóisialta agus fearais eile slándála dá n-áiteanna cónaithe. |

## Pinsin

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Ó 2007 i leith déanfar neamhshuim d'aon méid de phinsean leasa shóisialaigh a fhaigheann duine atá os cionn 65 bliain d'aois, os cionn an ráta an Liúntais Leasa Forlíontach, nuair a bheidh teidlíocht ar fhorlíonadh cíosa á mheas. | Cinntíonn bearta a tugadh isteach sa bhliain 2007 nach n-íocann daoine d'aois 65 bliain agus os a chionn atá ag fáil forlíonadh cíosa nó úis mhorgáiste, le hioncam is ionann le luach an Phinsin Stáit (Ranníocaíoch), a oireann dá gcúinsí, ach an ranníocaíocht íosta de €18 sa tseachtain i leith a n-íocaíocht cíosa nó úis mhorgáiste. |
| Méadófar go €200 sa bhliain 2007 an neamhaird ioncaim seo le haghaidh pinsean leasa shóisialaigh neamhranníocaíoch, a tugadh isteach sa bhliain 2006 chun faighteoírí a mhisniú chun glacadh le nó leanúint i bhfostaíocht.           | Méadaíodh an neamhaird ioncaim ó fhostaíocht ó €100 sa tseachtain go €200 sa tseachtain i mBuiséad na bliana 2007.   |

## Mí-úsáid Seanóirí

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Leithdháileadh €2 mhilliún san iomlán ar an nGrúpa Feidhmithe Náisiúnta um Mí-úsáid Seanóirí chun dul i ngleic le ceist mhí-úsáid seanóirí sna blianta 2006 agus 2007. Tá sé sin á chur san áireamh chomh maith ar chúrsaí oiliúna lena n-áirítear cúrsaí seaneolaíochta. Déanfar athbhreithniú <i>Ár dTochchaí á Chosaint</i> sa bhliain 2007. Meastar go mbreithneoidh an t-athbhreithniú ceisteanna nár cuireadh san áireamh sa tuarascáil bhunaidh maidir le mí-úsáid seanóirí lena n-áirítear féinfhailí agus mí-úsáid in institiúid. | <p>Tá athbhreithniú neamhspleách á dhéanamh ar <i>Ár dTochchaí á Chosaint</i> i láthair na huaire. Beidh an t-athbhreithniú mar bhonn eolais le beartas agus gníomhaíochtaí sa todhchaí chun dul i ngleic le mí-úsáid seanóirí.</p> <p>Rinne FSS dul chun cinn suntasach maidir le cur i ngníomh na moltaí a rinneadh in <i>Ár dTochchaí á Chosaint</i>. Bhí 29 as na 32 Cas-Oibrí Sinsearach earcaithe faoi dheireadh na Samhna 2008, agus tá comhshocruithe i bhfeidhm chun mí-úsáid seanóirí a thuairisciú.</p> <p>Bhunaigh FSS Coiste Náisiúnta Stiúrtha chun cur chuige comhsheasmhach ar fud na tíre a chinntiú maidir le soláthar seirbhísí um mí-úsáid seanóirí maidir lena bhrath, a thuairisciú agus a fhreagairt. Lena chois sin, cuireadh ceithre cinn de Choistí Stiúrtha Réigiúnacha ar bhun chun nasc riachtanach a sholáthar i ndea-chleachtais idirghníomhaireachta agus chun líonraí a fhorbairt a bheidh sainiúil ó thaobh cleachtais de.</p> <p>Bunaíodh Ionad Náisiúnta Taighde um Chosaint Seanóirí ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'eagraigh FSS Feachtas um Fheasacht Phoiblí ag deireadh 2008 dírithe ar phríomhghrúpaí</p> |

|  |  |
|--|--|
|  | a chur ar an eolas mar gheall ar an mbaol agus an réaltacht atá i gceist le mí-úsáid seanóirí. |
|--|--|

## Litearthacht Daoine Fásta

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Misneofar agus tacófar le seanóirí chun a bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscadail litearthachta don teaghlach, mar a leagtar amach i <i>bPlean Gníomhaíochta CDSS</i> . Bunaíodh grúpa oibre chun tionscadail ar leith a fheabhsódh litearthacht teaghlaigh a aithint agus a thacú agus tosófar ar thionscadail mar iad a roll amach sa bhliain 2007. | Cuireadh tús sa bhliain 2007 le scéim litearthachta teaghlaigh chun dul i ngleic le litearthacht neamhfhoirfe ó thaobh an teaghlaigh idirghlúine faoi thionscnamh CDSS. Faomhadh dhá cheann déag de thionscadail bhreise le haghaidh cistiú sa bhliain 2008. Faomhadh cistiú de €200,000 sa bhliain 2008 le haghaidh naoi gcinn déag de thionscadail san iomlán (cistíodh 7 gcinn sa bhliain 2007). |

# Saolré: Daoine faoi Mhíchumas

## Pleananna Earnála um Míchumas

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| Ullmhófar tuarascálacha maidir le dul chun cinn fheidmiú na bPleananna Earnála um Míchumas i ndiaidh trí bliana (2009) agus athbhreithneofar an tAcht um Míchums i ndiaidh cúig bliana (2010). | Lean Ranna de bheith ag tuairisciú ar dhul chun cinn ag eatraimh de shé mhí, ag leibhéal Rannach agus ag leibhéal náisiúnta araon, do Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Míchumas agus do Ghrúpa Monatóireachta na bPáirtithe Leasmhara um an Straitéis Náisiúnta Míchumais. |

## Straitéis Fostaíochta

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Faoin mbliain 2010, beidh straitéis chuimsitheach fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas ceaptha ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. | <p>Bhunaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Fóram Comhairliúcháin maidir le Straitéis Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas go luath sa bhliain 2007 faoi Phlean Earnála na Roinne agus ar an bhFóram tá ionadaithe ó Ranna Rialtais lena mbaineann, ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó pháirtí leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Pléadh srac-dhréacht le haghaidh cur i ngníomh Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas leis an bhFóram Comhairliúcháin mí Mheán Fómhair 2008 agus fuarthas freagra dearfach. Lean an obair ar imlíne a thabhairt chun críche le haghaidh feidhmiú Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta.</p> |

## Straitéis Tithíochta

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| Ceapfar straitéis náisiúnta tithíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas faoi dheireadh na bliana 2009, mar a mholtar i dtuarascáil NESC, Tithíocht in Éirinn. Déanfar cúram speisialta do dhaoine fásta faoi mhíchumas suntasach agus daoine atá buailte le meabhairghalar. | Leanadh den obair ar fhorbairt Straitéis Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas faoi choimirce an Ghrúpa Náisiúnta Comhairligh. Tá súil an straitéis seo a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2009. |

|   |  |
|---|--|
| <p>Brostófar é trí ghrúpa náisiúnta a bhunú faoi choimirce an Fhóram Tithíochta, faoi cheannas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus a mbeidh an Roinn Sláinte agus Leanáí, FSS, na Páirtithe Sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile bainteach leis.</p> | <p>Bunaíodh dhá fhoghrupa chun príomhghnéithe den straitéis seo a bhrostú.</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1) Grúpa stiúrtha taighde chun maoirsiú a dhéanamh ar thaighde maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ról na hEarnála Cíosa Príobháidí maidir le Soláthar Cóiríochta do Dhaoine faoi Mhíchumas;</li> <li>• Athbhreithniú ar Shamhlacha Dea-chleachtais maidir le Soláthar Tithíochta agus Tacaíochtaí Gaolmhara; agus</li> <li>• Meabhairshláinte: Riachtanais Chóiríochta &amp; Tacaíochta.</li> </ul> </li> <li>2) Bunaíodh foghrúpa prótacail meabhairshláinte chun socruithe a cheapadh agus a chur ar bhonn foirmiúil maidir le bainistiú tithíochta agus tacaíochtaí cúraim gaolmhara le haghaidh daoine atá buailte le meabhairghalar.</li> </ol> <p>Bhí prótacail á gceapadh, mar chuid den fhócas seo, a rialóidh socruithe idirchaidrimh idir údaráis tithíochta agus FSS maidir le soláthar seirbhísí le haghaidh daoine faoi mhíchumas.</p> |
|---|--|

## Iompar

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| <p>Príomhchuspóir de chuid an bheartais iompair ná inrochtaineacht ar an gcóras iompair phoiblí a chinntiú trí bhusanna cathrach atá insroichte go hiomlán a sholáthar agus rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar stáisiúin bhus agus iarnróid ar aon dul le Plean Earnála na Roinne Iompair faoin Acht um Míchumas 2005. Ar na bearta tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cóistí atá lánoiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta, céadfaíoch agus chognaíoch a chur in áit cóistí neamhoiriúnacha de chuid Bhus Éireann agus de chuid oibreoirí príobháideacha faoin mbliain 2015.</li> <li>• Gach bus uirbeach a dhéanamh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta, céadfaíoch agus cognaíoch faoin</li> </ul> | <p><b>Bus Éireann</b><br/>100% de bhusanna le hurláir ísle agus oiriúnach do chathaoireacha rotha i nGaillimh, Luimneach, i bPort Láirge, i gCorcaigh, i Sligeach, i mBaile Átha Luain, san Uaimh agus i nDún Dealgan. Lena chois sin, cheannaigh an chuideachta roinnt de na cóistí den chóras glúine nua atá oiriúnach do chathaoireacha rotha le haghaidh aistear fada idir chathracha .</p> <p><b>Bus Átha Cliath</b><br/>Tá urláir ísle atá oiriúnach do chathaoireacha rotha ar 78% den fhlít.</p> <p><b>Iarnród Éireann</b><br/>Comhlíonann 90% den fhlít do phaisinéirí caighdeáin oiriúnachta, agus tá súil go mbeidh 100% oiriúnach sa bhliain 2009.</p> |

|  |   |
|--|---|
| <p>mbliaín 2012;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gach seirbhís iarnróid nach mór idir chathracha do phaisinéirí a dhéanamh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta, céadfaíoch agus cognaíoch faoin mbliain 2009.</li> </ul> | <p><b>Oibreoirí Príobháideacha</b><br/>Oibríonn roinnt de na hoibreoirí príobháideacha busanna ar a bhfuil urláir ísle.</p> |
|--|---|

## Teacht ar Ardoideachas

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Socróidh an tOifigeach Náisiúnta um Chothromas Rochtaine ar Ardoideachas spriocanna agus forbróidh sonraí bonnlíne le haghaidh rannpháirteachas mac léinn faoi mhíchumas sa tréimhse 2007-2013. Le cois na scéimeanna deontas cothabhála faoi thástáil maoinne, beidh soláthar leanúnach den Chiste Rochtaine Tríú Leibhéil ar fáil a fhéachann le dul i ngleic le gannionadaíocht. Cuid riachtanach den Chiste Rochtaine Tríú Leibhéil is ea an Ciste le haghaidh Mac Léinn faoi Mhíchumas. Soláthraíonn sé deontais i leith soláthar seirbhísí agus ceannach trealaimh le haghaidh mac léinn faoi mhíchumas atá ag freastal ar chúrsaí in institiúidí tríú leibhéil nó ar chúrsaí iar-ardteistiméireachta.</p> | <p>Mí Iúil 2008 d'fhoilsigh an tÚdarás um Ardoideachas an <i>Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2008-2013</i>. Ba í an Oifig Náisiúnta Rochtana a dhréachtaigh an Plean i ndlúthchomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus i gcomhairle le cleachtóirí rochtana in institiúidí ardoideachais agus le páirtithe leasmhara eile.</p> <p>Ag tús na bliana acadúla 2007-08 thosaigh an tÚdarás um Ardoideachas ag bailiú sonraí i dtaobh cúlra sóisialta, cultúrtha agus eitneach iontrálaithe nua ar ardoideachas. Bhí ceisteanna ar stádas míchumis san áireamh sa phróiseas seo. Bhí na ceisteanna bunaithe ar an fhoclaíocht a d'úsáid an Phríomhoifig Staidrimh i ndaonáireamh náisiúnta na bliana 2006. Léirigh 4.2% d'iontrálaithe nua ar ardoideachas sa bhliain 2007-08 go raibh siad faoi mhíchumas.</p> <p>Cuid den Chlár Fothosaíochta um Rochtain ar an Tríú Leibhéil is ea an Ciste le haghaidh Mac Léinn faoi Mhíchumas. Soláthraíonn an Ciste tacaíochtaí agus seirbhísí do mhic léinn chun gur féidir leo a bheith rannpháirteach agus a gcúrsa staidéir a thabhairt chun críche. Faomhadh leithdháileadh comhlán de €13.53 sa bhliain 2007-08 le haghaidh 3,099 mac léinn faofa.</p> |



## Inrochtaineacht

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Faoi dheireadh na bliana 2007, beidh iniúchadh inrochtaineachta déanta ag gach údarás áitiúil agus beidh plean feidhmithe inrochtaineachta ceaptha maidir leis an timpeallacht thógtha agus don bhonneagar faoina chúram, ar a n-áirítear gach bóthar, sráid, cosán, páirc, taitneamhacht agus spás oscailte. | Rinneadh iniúchtaí inrochtaineachta i ngach údarás áitiúil agus tugadh pleananna feidhmithe chun críche ag gach údarás áitiúil agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. |

## Abhcóideacht

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Forálann an Bille um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2006, ar dócha go n-achtófar é sa bhliain 2007, le haghaidh sannadh abhcóide pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas nach bhfuil in ann nó a bhfuil sé deacair orthu seirbhís shóisialta a fháil gan chúnaimh. | <p>Sholáthair an tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007, an bonn reachtúil do thabhairt isteach seirbhís phearsanta abhcóideachta faoin mBord Eolais do Shaoránaigh. Níorbh fhéidir dul ar aghaidh leis seo, de bharr na gcúinsí buiséadacha atá i réim faoi láthair.</p> <p>Ó 2005 i leith tá Clár Abhcóideachta na hEarnála Pobail agus Deonaí, a cheap an Bord, tar éis 46 tionscadal abhcóideachta ar leith a chistiú. Is ar abhcóideacht ionadaíoch do dhaoine faoi mhíchumas atá fócas foriomlán an chlár.</p> <p>Soláthraíodh €1.8 milliún sa bhliain 2008 le haghaidh forbairtí ar sheirbhísí, agus seirbhísí abhcóideachta ina measc. Thug sin an cistiú iomlán le haghaidh seirbhísí abhcóideachta go €6.1 m don tréimhse 2005 go 2008.</p> |

# Saolré: Pobail

## Clárchistiú do Phobail

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Úsáideann Ciste na gCuntas Díomhaoin airgead i gcuntais nár éilíodh in institiúidí creidmheasa agus i bpolasaithe árachais saoil nár éilíodh i ngealltanais árachais chun tacú le cláir nó tionscadail a dhíríonn ar mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch, ar mhíbhuntáiste oideachais agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Forálann an plean reatha íocaíochtaí amach go bhfaighidh ceantair RAPID, CLÁR agus Thascfhórsa Drugaí tosaíocht ar leith maidir le híocaíochtaí amach ón gCiste.</p>  | <p>Ó bunaíodh Ciste na gCuntas Díomhaoin mí an Mheithimh 2003, anonn go deireadh mhí na Nollag 2008, ba ionann agus €306m an glanmhéid a aistríodh chuig an gCiste. Ba é luach an Chiste ag deireadh mhí na Nollag 2008, glan ar dhliteanais, tuairim is €21.7m.</p>  |
| <p>Beidh €67 milliún nach mór ar fáil faoi Chiste Giarála Chlár RAPID idir 2007 agus 2013 chun infheistíocht a dhéanfaidh ranna agus gníomhaireachtaí sna ceantair RAPID ainmnithe a chomhchistiú. Cabhróidh an cistiú seo chun tacú le tionscadail agus tionscnaimh nua, ar nós clós súgartha agus CCTV pobalbhunaithe a fhéachann le cáilíocht na beatha agus sábháilteacht an phobail a fheabhsú le haghaidh cónaitheoirí i gceantair RAPID.</p>   | <p>Seoladh trí cinn de Scéimeanna Giarála sa bhliain 2008.<br/>Thairbhígh ceantair RAPID de thionscadail tosaíochta arna aithint ag foirne feidhmithe i gceantair RAPID le haghaidh soláthar CCTV, clós súgartha, áiseanna scoile (m.sh. leabharlanna, ceantíní) agus feabhsuithe ar an timpeallacht fhisiceach in eastáit tithíochta. Próiseáladh éilimh ó scéimeanna a bhí cheana ann agus ba ionann agus €8.083 milliún an toradh iomlán ar gach tionscadal da leithéid sa bhliain 2008.</p> |
| <p>Soláthróidh clár CLÁR €141 nó mar sin sa tréimhse 2007-2013 chun ceantair atá buailte ag laghdú daonra a athbheochan. Tacóidh an infheistíocht le bonnagar fisiceach, eacnamaíoch agus sóisialta agus beidh raon leathan bearta i gceist lena n-áirítear soláthar uisce, diúscairt séarachais, teacht ar bhóithre agus ar sheirbhís leathanbhanda. Léiríonn siad sin na tosaíochtaí a d'aithin na pobail. Tairbhíonn 727,000 den daonra den chlár i láthair na huaire. Ar na spriocanna tá:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• líon na scéimeanna príomhlíonra uisce agus séarachais agus na ngrúpscéimeanna uisce agus séarachais a fhaigheann cistiú CLÁR a mhéadú de 100% ar a laghad faoin mbliain 2008;</li><li>• soilse gealánacha a sholáthar le haghaidh bunscoileanna i gceantar CLÁR faoi mbliain 2008.</li></ul> | <p>Chaith clár CLÁR tuairim is €24m sa bhliain 2008 arbh ionann é agus méadú de díreach faoi €3m ar chaiteachas na bliana 2007. San áireamh i gclár 2008 bhí deisiú 242 bóthar Aicme II/III agus suiteáil/uasghrádú 148 scéimeanna uisce agus séarachais.</p> <p>Cuireadh cistiú ar fáil chun áiseanna a fheabhsú i 265 scéim spóirt/pobail i gcaitheamh na bliana.</p>   |

|  |   |
|--|---|
| <p>Tá croíchistiú de €1.73 milliún san iomlán á sholáthar le haghaidh 8 gcinn de Bhiúrónna Saorálaithe sa tréimhse 2005-2007 chun gur féidir bonn slán a chur fúthu, chun oifigeach forbartha lánaimseartha a fhostú agus bunachair sonraí a fhorbairt a mheaitseálfadh saorálaithe agus grúpaí áitiúla pobail agus deonacha. Lena chois sin, cuireadh cistiú de €150,000 ar fáil thar trí bliana do Ionaid Saorálaithe Éireann chun foireann fhorbartha a fhostú a dhéanfaidh forbairt bhreise ar Bhiúrónna Saorálaithe.</p>  | <p>Mhol an Tascfhórsa um Shaoránacht Gníomhach go gcisteodh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta líonra d'ionaid saorálaithe ar fud na tíre. Sa bhliain 2008 sholáthair an Roinn cistiú bliantúil de €2.5m nach mór le haghaidh fiche ionad dá leithéid ar fud na tíre. Chláraigh na hIonaid Saorálaithe seo breis is 7,545 saorálaí agus rinne breis is 960 eagraíocht teagmháil leis na hIonaid Saorálaithe ag lorg saorálaithe.</p>  |
| <p>Beidh deontais aon-uaire ar fáil do ghrúpaí deonacha agus pobail áitiúla lena n-áirítear Deontais do Threalamh agus d'Áthchóiriú agus Deontais Oideachais, Oiliúna agus Taighde.</p>  | <p>Fuair tuairim is 500 eagraíocht pobail agus deonach cistiú faoi na clár tacaíochta deontais le haghaidh eagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla sa bhliain 2008. Seoladh dhá chlár nua tacaíochta deontais le haghaidh eagraíochtaí pobail agus deonacha pobalbhunaithe i lár na bliana 2008.</p>  |
| <p>Infheisteoidh Clár na Gaeltachta agus na nOileán €457 milliún nó mar sin idir 2007 agus 2013 i bhforbairt bonneagair agus fiontar sna pobail Ghaeltachta agus sna pobail ar na hoileáin. Soláthróidh an infheistíocht seo buntáistí inláimhsithe i raon tionscadal agus gníomhaíochtaí, mar shampla: teacht níos fearr don phobal agus torthaí eacnamúla gaolmhara ó fheabhsuithe ar bhóithre agus ar phiaraí; deiseanna fostaíochta ar chaighdeán níos airde agus níos inbhuanaithe mar thoradh ar infheistíocht ar spásanna oifige agus monarcha; caighdeáin fheabhsaithe maireachtála trí áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail a sholáthar; caomhnú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.</p> | <p>Cuireadh bonneagar mórfheabhsaithe ar fáil sa Ghaeltacht agus ar na hoileáin mar thoradh ar chlár leanúnach infheistíochta caipitil (€67m nach mór san iomlán sna blianta 2007 agus 2008).</p> <p>I measc na mórtionscadal a tugadh chun críche bhí feabhsuithe ar phiaraí ar Inis Toirc agus ar Chliara i gContae Mhaigh Eo, agus feabhsuithe ar phiar, ar chaladh agus feabhsaithe cosanta cósta ar Inis Bó Finne agus soláthar piara nua ar Inis Meáin i gContae na Gaillimhe.</p> <p>I measc na dtionscadal eile ar an mórsála atá ar bun tá forbairt chuan Chill Rónáin ar Árainn a chosain €40m agus tógáil aerstráicí nua ar an gClochán agus ar Inis Bó Finne.</p> <p>Cuirtear fóirdheontas bliantúil de €5.5m nó mar sin ar fáil do sheirbhísí farantóireachta agus aeir fóirdheontais do phaisinéirí agus do lasta, lena n-áirítear seirbhísí iompair a cheangal ar an mórthír. Tá 21 conradh iompair ar leith i bhfeidhm chun fónamh do riachtanais na bpobal éagsúil ar na hoileáin.</p> |
| <p>Cuirfear €417 nó mar sin ar fáil sa Chlár Forbartha Áitiúla um Chuimsiú Sóisialta sa tréimhse 2007-2013 chun tacú le hidirghabhálacha pobalbunaithe um chuimsiú sóisialta. Díreoidh an clár go sonrach ar thacú le daoine agus le pobail faoi mhíbhuntáiste agus eisiamh trí</p>  | <p>Ag deireadh na bliana 2008, bhí €105.49m (25.3%) de sholáthar carnach an Phlean Náisiúnta Forbartha caite.</p> <p>Chuaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mbun athbhreithnithe ar na Cláir Forbartha</p>  |

|  |   |
|--|---|
| speictream leathan de ghníomhaíochtaí a chuirfear chun cinn go háitiúil.   | Áitiúla um Chuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail, agus meastar go ndéanfar leasú ar dheardh an chláir dá bharr roimh dheireadh na bliana 2009.  |
| Faoin gClár Forbartha Áitiúla, tacóidh Ionaid Áitiúla Acmhainne agus Tionscadail Forbartha Pobail le raon leathan gníomhaíochtaí féinchabhracha a dearadh chun caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine aonair agus do ghrúpaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste.  | Tá 184 tionscadal/grúpa agus eagraíocht á gcistiú i láthair na huaire faoin gClár Forbartha Pobail.   |
| Is é cuspóir Chlár na Seirbhísí Pobail tacú le gníomhaíocht áitiúil pobail chun dul i ngleic le míbhuntáiste, agus deiseanna fostaíochta a sholáthar ag an am céanna do dhaoine sna spriocghrúpaí tosaíochta seo a leanas: daoine faoi mhíchumas; daoine atá dífhostaithe le fada; Taistealaithe; tuismitheoirí aonair agus andúiligh drugaí atá cobhsaithe. Beidh €48.6m nó mar sin ar fáil d'eagraíochtaí sa bhliain 2009 agus tá súil, faoi dheireadh na bliana 2009, go mbeidh 450 eagraíocht á tacú agus 2,700 duine fostaithe faoin gClár. | Ag deireadh na bliana 2008, bhí breis is 400 eagraíocht faofa le bheith rannpháirteach sa chlár, agus bhí 359 de na heagraíocht sin ag fáil cistí ón gClár chun tacú le soláthar raon leathan seirbhísí dá bpobail áitiúla.<br><br>Faomhadh seasca cinn de thionscadail nua le haghaidh cistiú sa bhliain 2008 agus rachaidh siad i mbun oibre sa bhliain 2009. Íocadh €44.5 milliún amach le heagraíochtaí sa bhliain 2008. Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí an clár ag tacú le 2,400 duine fostaithe. |

## An Clár Caipitil Spóirt

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Beidh €87m á soláthar sa bhliain 2007 le haghaidh áiseanna spóirt áitiúla agus réigiúnacha agus le haghaidh eagraíochtaí spóirt. Tabharfar tús áite do thionscadail i gceantair faoi mhíbhuntáiste. | Leithdháileadh breis is €50m sa bhliain 2008 le haghaidh 685 tionscadal áiseanna agus trealaimh spóirt ar leith faoin gClár Caipitil Spóirt arna riar ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tugtar tús áite do thionscadail i gceantair faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Díríodh ar agus tugadh tús áite ar bhealaí éagsúla do thionscadail a bhí suite i gceantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste agus na hiarratais á measúnú. Go sonrach, ceadaíodh dóibh leibhéal níos ísle dá gcistiú íosta féin a chur ar fáil. Faoi Chlár 2008, laghdaíodh tuilleadh an méid dá gcistiú féin a bhí riachtanach ó cheantair RAPID agus ó cheantair an Tascfhórsa Drugaí Áitiúla go 10% ó 20%, ar aon dul leis an ngealltanais sa Chlár Rialtais. |

## Comhairle Spóirt na hÉireann

| Sprioc   | Dul chun cinn   |
|--|---|
| <p>Méadaíodh buiséad Chomhairle Spóirt na hÉireann le haghaidh 2007 de 20% go €49 milliún le haghaidh clár agus gníomhaíochtaí ar a n-áirítear tionscnaimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste. An sprioc le haghaidh 2006-2008 ná méadú de 3% a dhéanamh ar líon na leanaí a ghlacann páirt i spórt agus méadú de 1.5% a dhéanamh ar líon na ndaoine fásta rannpháirteacha. I gceist anseo beidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• roll amach iomlán líonra na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt faoi thús na bliana 2008;</li> <li>• roll amach gaolmhar chlár Buntús le haghaidh bunscoileanna agus réamhscoileanna trí líonra na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt;</li> <li>• tabhairt isteach samhail leanbhlárnach an LISPA (Bainteacht Feadh an tSaoil le Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiceach) le haghaidh rannpháirteachas ar feadh an tsaoil i gcúrsaí spóirt in Éirinn;</li> <li>• agus tacaíocht d'eagraíochtaí náisiúnta spóirt a mheallann daoine óga, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.</li> </ul> <p>Bunaíodh tionscnamh nua, na Dámhachtainí Nua le haghaidh Saorálaithe Spóirt in Éirinn. Bronnfar na céad dámhachtainí sa bhliain 2007.</p> | <p>Ba é €57.2 milliún buiséad Chomhairle Spóirt na hÉireann le haghaidh clár agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear tionscnaimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste.</p> <p>Leithdháileadh breis is €11m sa bhliain 2008 chun rannpháirteachas daoine faoi aois a mhéadú sna trí príomhspórt (CLG, IRFU agus FAI). Samplaí eile is ea líonra Chomhpháirtíocht Spóirt na hÉireann agus clár Buntús le haghaidh bunscoileanna i gceantair Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (chun páistí a mhealladh chun spóirt a imirt ó aois óg). Tá trí cinn is tríocha de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoi lánseoil i láthair na huaire.</p> <p>Chistigh Cistí Díomhaoine líonra na nOifigeach Forbartha Spóirt um Chuimsiú chun dul i mbun oibre le daoine faoi mhíchumas don tréimhse 2008/09. Is ionann sin agus €2m thar an dá bhliain sin chun 20 Oifigeach Forbartha Spóirt um Chuimsiú a fhostú laistigh de líonra na Comhpháirtíochta.</p> |

## An Tionscnamh Iompair Tuaithe

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Cuireadh bonn slán faoin Tionscnamh Iompair Tuaithe tar éis chríoch na tréimhse píolótaí sa bhliain 2006. Soláthrófar cistiú de €9 milliún sa bhliain 2007 chun tionscnamh príomhshrutha a dhéanamh de. Déanfar méadú leanúnach ar chistiú le haghaidh seirbhísí iompair tuaithe ina dhiaidh sin; ar deireadh beidh €18 milliún nó mar sin d'airgead tirim ar fáil chuige. Tabharfar</p> | <p>Tá seacht gcinn is tríocha de ghrúpaí iompair tuaithe ar fud na tíre á gcistiú anois faoin gClár Iompair Tuaithe chun eisiámh sóisialta a mhaolú nuair is toradh é ar easpa iompair phoiblí. Soláthraíodh €10 milliún don Chlár Iompair Tuaithe sa bhliain 2008 (méadú ar an €9 milliún sa bhliain 2007) a chiallaigh méaduithe eile i minicíocht na seirbhísí a bhí cheana ann, leathnú na</p> |

|   |  |
|---|--|
| <p>tosaíocht do cheantair faoin dtír nach bhfuil aon teacht acu ar sheirbhís iompair phoiblí i láthair na huaire.</p> | <p>seirbhíse go ceantair nua, agus grúpaí breise paisinéirí a bhfuil teacht acu ar iompar tuaithe. Bhí breis is 146,000 seirbhísí Iompair Tuaithe i bhfeidhm sa bhliain 2008 agus taifeadadh 1.2 milliún turas paisinéirí ar na seirbhísí sin.</p> |
|---|--|

## An Straitéis Náisiúnta Drugaí

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Beidh €319 milliún ar fáil sa tréimhse 2007-2013 chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-1008. I measc na spriocanna atá le sroicheadh faoin mbliain 2008 tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Méid na ndrugaí urghafa a mhéadú de 50% bunaithe ar fhiigiúirí na bliana 2000; líon na n-urghabhálacha a mhéadú de 20% ar fhiigiúirí na bliana 2004; agus líon an mbraiteachán soláthair a mhéadú de 20% faoi dheireadh na bliana 2008 bunaithe ar fhiigiúirí na bliana 2004.</li> <li>• Measúnú Trí Fhoinse Gabh-Athghabh ar mhí-úsáideoirí codlaidíní sa bhliain 2006, seasmhacht a léiriú sna huimhreacha foriomlána agus laghdú de 5% ar an ráta teagmhasachta bunaithe ar fhiigiúirí na bliana 2001 a foilsíodh sa bhliain 2003;</li> <li>• Léireoidh suirbhé forleithne drugaí an Choiste Náisiúnta Comhairleach ar Dhrugaí 2006/07 laghdú de 5% sa ráta teagmhasachta maidir le húsaid drugaí neamhdhleathacha le deireanas agus i láthair na huaire sa daonra iomlán, bunaithe ar ráta 2002/03; beidh cóireáil le fail ag 100% d'úsáideoirí drugaí fadhbacha laistigh de mhí ó thráth na measúnachta;</li> <li>• Saoráidí maolaithe gortaithe, lena n-áirítear malartú snáthaidí nuair is gá, le bheith ar oscailt i gcaitheamh an lae agus sa tráthnóntaí agus ag an deireadh seachtain, ag brath ar an éileamh orthu, i gceantar gach oifig áitiúla sláinte; agus forleithne HIV in úsáideoirí drugaí le cobhsú bunaithe ar fhiigiúirí na bliana 2004;</li> </ul> | <p>Ceapfar Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016 in áit na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2001-2006. Meastar go seolfar an straitéis nua go foirmeálta sa bhliain 2009. B'ionann agus €251m nó mar sin sa bhliain 2007 agus €276 sa bhliain 2008 an caiteachas tras-rannach a d'fhéadfaí a chur síos go díreach do chlár drugaí.</p> <p>Sháraigh méid na ndrugaí a urghabhadh san iomlán 50%, bunaithe ar fhiigiúirí 2000, go háirithe i gcás cócaoin, hearóine agus roisín cannabais. Mhéadaigh líon an n-urghabhálacha iomlána de 5% ar an meán thar fhiigiúirí 2004. Mhéadaigh líon na mbraiteachán a gcreidtear a bhain le soláthar de 125% i gcomparáid le fiigiúirí a taifeadadh sa bhliain 2004.</p> <p>Níor tugadh an staidéar Trí Fhoinse Gabh-Athghabh is déanaí chun críche go fóill. Lean úsáid hearóine de bheith comhchruinnithe i gceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha eile, go háirithe i gCúige Laighean agus i ndeisceart na tíre. Mhaolaigh úsáid hearóine méid áirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath agus chonacthas laghdú suntasach ar ráta na n-úsáideoirí nua a aithníodh. Ach níor mhór an laghdú a fhritháireamh in aghaidh leathadh úsáid na hearóine ar fud na tíre. San iomlán thit ráta na n-iontrálaithe nua ar chóireáil go suntasach de 20% nó mar sin idir 2001/02 agus 2006/07. Fadhb shuntasach is ea an hearóin i gcónaí, más ea, agus is ábhar imní é do mhórchuid pobal.</p> <p>Seo a leanas cuid de phríomhthorthaí an Suirbhé ar Fhorleithne Drugaí 2006/07:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• San iomlán, méadaigh úsáid</li> </ul> |

|  |   |
|--|---|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Gach bearna aitheanta i dtaighde ar dhrugaí a líonadh faoi lár na bliana 2008; tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar nádúr agus forleithne fhadhb na ndrugaí in Éirinn, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil; agus tuarascáil a fhoilsiú gach dhá bhliain maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun cuspóirí agus aidhmeanna na Straitéise a bhaint amach.</li> </ul> | <p>drugaí le deireanas (is é sin, anuraidh) de 5.6% sna blianta 2002/03 go 7.2% sna blianta 2006/07 i measc daoine fásta idir 15-64 bliain d'aois;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Bhí úsáid reatha drugaí (.i. an mhí seo caite) seasmhach ag 2.9%. San fhiigiúir sin bhí laghdú ar an bhfiigiúr do dhaoine fásta óga (15-34) ó 5.2% go 4.8%.</li> <li>tháinig cócaon chun cinn mar bhagairt;</li> <li>lean úsáid drugaí mídhleathacha mar fheiniméin i measc daoine fásta óga den chuid is mó, agus bhí formhór na n-úsáideoirí faoi bhun 35 bliain d'aois; agus</li> <li>bhí a dhá oiread fear ná ban ag úsáid drugaí mídhleathacha cé go raibh ráta an mhéadaithe i measc na mban i bhfad níos airde ná i measc na bhfear.</li> </ul> <p>Tá fáil theoranta ar áiseanna, go háirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath, i lár na tíre agus sa Lár-larthar, trí mheascán de sheirbhísí ar an láthair agus seirbhísí for-rochtana. Tá dúshlán leanúnach ag baint le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe dochair seo.</p> <p>Tháinig méadú suntasach ar eolas i dtaobh fhadhb na ndrugaí in Éirinn mar thoradh ar thaighde coimisiúnaithe agus ar fheabhsuithe ar shonraí. Chríochnaigh an Coiste Náisiúnta Comhairle ar Dhrugaí a chlár oibre de thaighde aitheanta.</p> <p>Tá tuarascáil bhliantúil á hullmhú ag Aonad Taighde Alcóil agus Drugaí an Bhoird Taighde Sláinte le haghaidh an Ionaid Mhonatóireachta Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí. Tuarascáil shubstaintiúil a bheas ann, ar staid na ndrugaí in Éirinn agus ar ár fhreagairtí air.</p> <p>San áireamh i Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016 beidh tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí agus aidhmeanna na Straitéise deireanaí a bhaint amach.</p> |
| <p>Tá an Colún Athshlánúcháin, ar aithníodh an gá atá leis san athbhreithniú meántearma ar Straitéis Náisiúnta Drugaí (2005), á cheapadh i láthair na huaire laistigh de chreatlach na Straitéise, ag</p>  | <p>Cheap FSS Comhordaitheoir Sinsearach Athshlánúcháin sa bhliain 2008. Ceapadh Coiste Feidhmithe um Athshlánú Náisiúnta Drugaí, faoi cheannas an Chomhordaitheora Sinsearaí</p>  |

dhá choiste faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Athbhreithníodh an Straitéis Náisiúnta Drugaí sna blianta 2008/09 mar chuid d'fhorbairt staitéise 2009/16.

Athshlánúcháin chomh maith agus bhí roinnt cruinnithe ann. Príomhghné de *Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016* a bheidh i bhfeidhmiú an Cholúin Athshlánúcháin.



## Tithíocht

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Cuirfear infheistíocht ar fáil sa tréimhse 2007-2009 ionas gur féidir 27,000 teach a thosú nó a cheannach le haghaidh daoine a bhfuil gá acu le tithíocht shóisialta, trí chumasc de thithíocht údaráis áitiúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht agus de shocruithe conartha faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Faoin bPlean Náisiúnta Forbartha athbhreithneofar an dul chun cinn i leith na sprice seo tar éis trí bliana gníomhaíochta. Beidh acmhainní ar fáil faoin bPlean sa chaoi is gur féidir an leibhéal céanna soláthar nach mór a dhéanamh sna bliana i ndiaidh 2009 ionas go dtosófar nó go gceannófar 60,000 teach tríd na cláir seo idir 2007 agus 2013.</p>             | <p>San iomlán, cuireadh tús le nó ceannaíodh 16,000 aonad tithíochta sóisialta sa tréimhse 2007/2008 trí chumasc de chlár tithíochta na n-údarás áitiúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht agus de shocruithe conartha faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos.</p>   |
| <p>Cuirfear an Scéim um Chóiríocht ar Cíos i bhfeidhm go hiomlán faoin mbliain 2009. Tairbheoidh tríocha a dó míle teaghlach nó mar sin atá ag fáil forlíonta cíosa le 18 mhí nó os a chionn agus a bhfuil riachtanach tithíochta fadtéarmach acu.</p>  | <p>Ag deireadh mhí na Nollag 2008 bhí 18,011 teaghlach aistrithe ag údaráis áitiúla ó fhorlíonadh cíosa go dtí an Scéim um Chóiríocht ar Cíos nó chuig rogha tithíochta sóisialta eile.</p>   |
| <p>Tá beartaithe suirbhé a dhéanamh ar stoc tithíochta na n-údarás áitiúil faoi dheireadh na bliana 2008 a thabharfaidh eolas do na húdaráis tithíochta ar riocht fhisiceach an stoic agus ar a mbunófar cláir d'oibreacha feabhsúcháin sa todhcaí;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• roll amach clár oibreacha feabhsúcháin eile chun feabhas a chur ar thithíocht údaráis áitiúil idir 2007 agus 2012;</li> <li>• roll amach clár athbheochana le haghaidh gach eastát ar fud na tíre a bhfuil droch-chaoi air idir 2007 agus 2016;</li> <li>• córais théimh lárnaigh leordhóthanacha a chur ar fáil i ngach teaghas údaráis áitiúil ar cíos faoi dheireadh na bliana 2008.</li> </ul> | <p>Leithdháil an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil breis is €200 milliún le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sa bhliain 2008. Seo mar a roinneadh an figiúr:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leithdháileadh breis is €125 milliún maidir le tionscadail athbheochana i gcathracha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, Luimneach agus Phort Láirge agus i mbaile Thrá Lí, Dhún Dealgan agus Shligigh sa bhliain 2008.</li> <li>• Chuir an Roinn €55 milliún ar fáil le haghaidh Scéimeanna Oibre Feabhsúcháin i 34 cinn de limistéar údaráis áitiúil le linn 2008.</li> </ul> <p>Sa bhliain 2008, tugadh oibreacha chun críche ar shuiteáil téimh lárnaigh i dteaghais údaráis áitiúil. Ag deireadh 2008 bhí suiteáil téimh lárnaigh agus bearta gaolmhara éifeachtachta fuinnimh comhchistithe ag an Roinn i 24,000 teaghas nó mar sin, a chosain €115.5 milliún.</p> |

|   |  |
|---|--|
| <p>Cuirfear 17,000 aonad nua ar fáil idir 2007 agus 2009 trí bhíthin bearta tithíochta inacmhainne faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus athbhreithneofar dul chun cinn ina dhiaidh sin. Tá súil go gcuirfear an líon céann teaghas ar fáil i ndiaidh 2009, ionas go mbeidh 40,000 aonad nua dá gcur ar fáil idir 2007 agus 2013.</p>   | <p>Cuireadh breis is 8,000 aonad inacmhainne ar fáil sna blianta 2007 agus 2008 - 3,539 sa bhliain 2007 agus 4,500 measta sa bhliain 2008.</p>   |
| <p>Tabharfar cothrom le dáta rialacháin maidir le híoschaighdeáin don earnáil phríobháideach ar cíós faoi lár 2007 agus forfheidhmeofar iad go héifeachtach.</p>  | <p>Foilsíodh Rialacháin Chaighdeán leasaithe sa cheathrú ráithe de 2008 a bhí le teacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2009 agus córas cuimsitheach nua smachtbhannaí ionas go mbeidh ar chumas na n-údarás áitiúil plé níos éifeachtaí a dhéanamh le tiarnaí talún nach gcomhlíonann na rialacháin a tugadh isteach faoin mBille Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008. Leithdháileadh €4 milliún ar údaráis áitiúla sa bhliain 2008 chun cigireachtaí a dhéanamh ar chaighdeáin, ar mhéadú é ar an €3 milliún a leithdháileadh sa bhliain 2007. Léirigh líon na gcigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2008 méadú eile bliain ar bhliain de 23% nó mar sin, agus rinneadh breis is 17,200 cigireacht.</p> |
| <p>Cuirfear deireadh le lonnaitheacht fhadtéarmach i gcóiríocht éigeandála le haghaidh daoine gan dídean faoin mbliain 2010. Chuige sin ní mór riachtanais tithíochta suas le 500 teaghlach a réiteach.</p>   | <p>Aistríodh breis is 320 teaghlach, a bhí ag cur fúthu i gcóiríocht éigeandála le haghaidh daoine gan dídean, ar aghaidh chuig cóiríocht níos buaine sa bhliain 2008.</p>   |
| <p>Cuireadh cistiú ar fáil faoi Scéim na dTithe Teolaí le go bhféadfadh eagraíochtaí pobalbhuanaithe bearta éifeachtachta fuinnimh a shuiteáil dóibh siúd ba mhó a bhí ina ngátar. Cuireadh €5.6 milliún nó mar sin ar fáil le haghaidh Scéim na dTithe Teolaí i mbuiséad Fuinneamh Inmharthana Éireann na bliana 2008 a chiallaigh gurbh fhéidir 5,343 teach a chlúdach.</p> | <p>Cistíonn Scéim na dTithe Teolaí suiteáil inslithe in áiléir, díonadh ar shéideáin, seaicéid fhálaithe, soilsiú éifeachtach ó thaobh fuinnimh, insliú i gcuasbhallaí (nuair is cuí agus nuair a bhíonn sé ar fáil) agus comhairle maidir le hídíú fuinnimh. Sa bhliain 2008 chuir an Scéim bearta substaintiúla inslithe ar fáil do 5,343 teaghlach ar ioncam íseal.</p> <p>Faomhadh 18 eagraíocht pobalbhuanaithe san iomlán le haghaidh cistiú chun Scéim na dTithe Teolaí a sheachadadh sa bhliain 2008. Rinneadh obair faoin Scéim ar bhreis is 17,000 teach roimh dheireadh na bliana sin. Ba é €5.6 milliún an caiteachas iomlán faoin mbuiséad sin sa bhliain 2008.</p>                       |

## Taighde ar Ghanntanas Breosla de dheasca Bochtaineachta

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Dearbhaíodh sa Pháipéar Uaine ar bheartas fuinnimh, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2006, gealltanais an Rialtais chun ganntanas breosla de dheasca bochtaineachta a laghdú. Rachfar i ngleic leis an fhadhb seo tuilleadh de réir mar a théann an próiseas reatha chun beartas fuinnimh a cheapadh trí chéim chomhairliúcháin an Pháipéir Uaine agus ar aghaidh go foilsíú agus feidhmiú an Pháipéir Bháin.</p>          | <p>Bunaíodh grúpa idir-Rannach idir-Ghníomhaireachta mí Iúil 2008, faoi cheannas na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus na hOifige um Chuimsiú Sóisialta agus lena n-áirítear an Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, Fuinneamh Inmharthana Éireann, Bord Soláthar an Leictreachais agus Bord Gáis Éireann. Is é sainordú an Ghrúpa cur chuige comhordaithe agus comhtháite a ghlacadh nuair a bheifear ag díriú ar conas cabhrú le daoine leochaileacha sa tsochaí fuinneamh a cheannach.</p> |
| <p>Sholáthair an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh €2 mhilliún do Fhuinneamh Inmharthana Éireann chun taighde a dhéanamh ar ghanntanas breosla de dheasca bochtaineachta i dteaghais i gcathair agus i gcontae Phort Láirge a mheastar a d'fhéadfadh a bheith buailte ag ganntanas breosla de dheasca bochtaineachta. Tabharfar an tionscadal chun críche agus beidh tuarascáil ar fáil faoi mhí na Bealtaine 2008.</p> | <p>Rinneadh an tionscadal taighde ar ghanntanas breosla de dheasca bochtaineachta i bPort Láirge sa bhliain 2007 agus obair leantach taighde sa bhliain 2008. Léiríonn na tuarascálacha is luaithe gur dearfach go mór an tionchar a bhí ag bearta éifeachtachta ó thaobh fuinnimh a cuireadh i bhfeidhm mar chuid den tionscadal ar shláinte iomlán na dteaghlach agus mar thoradh air tharla laghdú ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>, mhéadaigh rátálacha fuinnimh agus mhéadaigh éifeachtacht teirmeach tithe. Tá súil go mbeidh tuarascáil dheiridh ar an tionscadal ar fáil le linn dara ráithe na bliana 2009.</p>                      |

## Clár Leathanbhanda

| Sprioc   | Dul chun cinn  |
|--|--|
| <p>Cuirfidh an Clár Leathanbhanda roll amach seirbhíse leathanbhanda chuig gnóthais tuaithe chun cinn chun go mbeidh an tseirbhís ar fáil ar fud na tuaithe. Dealraíonn sé go n-infheistear €435 milliún sa Chlár sa tréimhse 2007-2013. Go dtí seo, tugadh 27 Líonra Achar Cathrach chun críche faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006 agus cuirfeadh 90 baile eile san áireamh faoi Chéim II de na Líonraí Achar Cathrach 2005-2007. Faoin nGrúpscéim Leathanbhanda, bhí breis is 120 tionscadal i mbun oibre ag deireadh na</p> | <p>I gceist i gclár MANs (Líonraí Achar Cathrach) tá líonraí leathanbhanda ardluais le rochtain oscailte a thógáil i mbailte in áiteanna éagsúla faoin tír. Tógadh na MANs i gcomhar le húdarais áitiúla agus réigiúnacha agus chomhchistigh Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa iad. Ag deireadh na bliana 2008, bhí 58 MAN tugtha chun críche agus i mbun oibre faoi Chéim II de Chlár MANs.</p> <p>Seo a leanas na rudaí a threoróidh cinntí maidir le hinfheistíocht i seirbhís</p> |

|   |  |
|---|--|
| <p>bliana 2006 agus tá súil go mbeidh 10 gcinn eile ar obair le linn na bliana 2007. Faoi Scéim Leathanbhanda Scoile, suiteáladh leathanbhanda i 96.8% de scoileanna.</p> | <p>leathanabhanda sa todhchaí, agus infheistíocht i MANs eile san áireamh:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1) An Páipéar deiridh beartais ar Leathanbhanda na chéad ghlúine eile,</li> <li>2) An tAthbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead ar Chuid I de Chlár MANs, a foilsíodh mí Iúil 2008,</li> <li>3) Aon anailís eile mar is cuí agus</li> <li>4) Na hacmhainní a bheidh ar fáil.</li> </ol> <p>Faoi nGrúpscéim Leathanbhanda, chuaigh 127 tionscadal i mbun oibre idir 2004 agus 2007. Tháinig an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda in áit na Scéime sin ó shin.</p> <p>Faoi Scéim Leathanbhanda Scoile suiteáladh nascacht áitiúil leathanbhanda i 3901 as 3936 nó 99% de scoileanna.</p> |
|---|--|

## Seirbhísí Dochtúir Teaghlaigh Iar-ama

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Déanfar tuilleadh forbartha ar sheirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh iar-ama chun na seirbhísí sin a chur ar fáil don daonra ar fad le linn thréimhse an Phlean.</p> | <p>Tá dhá cheann déag de chomharchumann iar-ama sa Stát ina bhfuil tuairim is 1,860 dochtúir teaghlaigh páirteach. Dhéileáil seirbhísí iar-ama dochtúirí teaghlaigh le breis is 920,000 glao sa bhliain 2008, arb ionann sin agus méadú de 11% i gcomparáid le 2007. Tá 90% den daonra clúdaithe anois ag seirbhís iar-ama dochtúir teaghlaigh.</p> |

## Cúramóirí

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| <p>Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an scóp atá ann chun tacaíochtaí ioncaim breise a chur ar fáil do chúramóirí. An aidhm shonrach a bheidh ann ná méid an neamhaird do Liúntas an Chúramóra a choinneáil céim ar chéim leis an meántuilleamh comhlán tionsclaíoch ionas go gcáileoidh daoine ar mheántuilleamh tionsclaíoch don íocaíocht i gcónaí.</p> | <p>Ó mhí Aibreán 2008, mhéadaigh an neamhaird seachtainiúil do Liúntas an Chúramóra de €12.50/€25 go €332.50 (duine aonair) agus €665 (lánúin), ionas gur comhlíonadh an gealltanas agus le cois. Lena chois sin, méadaíodh an Deontas Cúraim Faoisimh de €200 go €1,700 sa bhliain.</p> |

## An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Soláthraíonn an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), arna chistiú ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, seirbhís neamhspleách faoi rún saor in aisce do theaghlaigh ar ioncam íseal, go príomha, atá i bhfiacha nó i mbaol titim i bhfiacha. Oibrítear Ciste Ráthaíochta lasachtaí chomh maith chun iasachtaí ‘géarchéime’ a sholáthar mar mhalairt ar iasachtóirí airgid. An sprioc ná forbairt leanúnach a dhéanamh ar MABS trí bhonn reachtúil a chur faoi le linn 2007. | I mBuiséad na bliana 2009, shocraigh an Rialtas freagracht as MABS a shannadh don Bhord Faisnéise do Shaoránaigh. Gheofar na forálacha reachtacha ábhartha san Acht Leasa Shóisialaigh 2008 agus tá an t-aistriú sceidealta le bheith tugtha chun críche faoi mhí Iúil 2009. |

## An Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh

| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| Leanfaidh an Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh de bheith ag neartú teaghlach trí thacú le heagraíochtaí deonacha a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta pósta, gaoil, leanaí agus lucht méala. Scrúdófar agus cuirfear i ngníomh na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar an Scéim Deontais le haghaidh Eagraíochtaí Deonacha a Sholáthraíonn Seirbhísí Comhairleoireachta Pósta, Leanaí agus Lucht Méala, mar is cuí. | D’fhaomhaigh an Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh 600 iarratas ar dheontas sa bhliain 2008. Ba é seo a leanas miondealú an leithdháilte foriomláin ar na seirbhísí difriúla:<br><br>Ullmúchán don Phósadh    €0.795m<br>Comhairleoireacht Pósta    €6.220m<br>Comhairleoireacht Leanaí    €1.562m<br>Lucht Méala                    €2.369m |

# Cur i nGníomh agus Monatóireacht

## An Grúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Déanfar tuilleadh forbartha ar an nGrúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta chun tacú leis na nascachtaí idir leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil agus tuairisceoidh sé don Choiste Comh-Aireachta, mar is cuí. | Mar chuid den fhorbairt bhreise ar nGrúpa Stiúrtha Rialtais Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta leathnaíodh ballraíocht an Ghrúpa chun páirtithe leasmhara eile a chur san áireamh agus chun go nglacfaidh an Grúpa le pleananna oibre bliantúla.<br><br>Bíonn cruinnithe ráithiúla i gcónaí ag an nGrúpa agus tacaíonn sé leis an Líonra Foghlama Rialtais Áitiúil um Fhrithbhochtanas. |

## Boird Forbartha Cathrach/Contae

| Sprioc  | Dul chun cinn  |
|---|--|
| Ar aon dul leis an ngealltanas in <i>I dTreo 2016</i> , forbrófar agus neartófar struchtúr na mBord Forbartha Contae Cathrach/Contae chun seachadadh seirbhísí poiblí comhtháite a chomhordú (lena n-áirítear gníomhaíochtaí um chuimsiú sóisialta) ag leibhéal áitiúil. Mar chuid den ghealltanas sin, leathnófar Aonaid um Chuimsiú Sóisialta chuig leath de na comhairlí cathrach agus contae ar fad, faoi dheireadh na bliana 2008. Tabharfaidh Boird Forbartha Cathrach/Contae tosaíocht d'obair na ngrúpaí monatóireachta um Chuimsiú Sóisialta (SIM) a bunaíodh chun feabhas a chur ar chomhordú gníomhaíochtaí um chuimsiú sóisialta ag leibhéal áitiúil. | Rinne Indecon Consultants athbhreithniú ar na Boird Forbartha Cathrach/Contae go luath sa bhliain 2008, agus ina dhiaidh sin bunaíodh Grúpa Náisiúnta Comhordaithe na mBord Forbartha Contae/Cathrach, faoi cheannas an Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun moltaí na Tuarascála maidir le neartú agus forbairt na mBord a chur i ngníomh.<br><br>Eisíodh treoirilinte i mí na Samhna 2009 maidir le bunú Fochoiste Eacnamaíochta i ngach Bord Forbartha agus maidir le toradh athbhreithniú ar Ghrúpaí Bearta um Chuimsiú Sóisialta na mBord, a eisíodh mí na Samhna 2008.<br><br>Mí Iúil 2007 d'fhógair an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leathnú an chláir um aonad cuimsithe sóisialta go naoi gcinn eile d'údaráis áitiúla, ar aon dul leis an ngealltanas in <i>I dTreo 2016</i> . Ciallaíonn sin go bhfuil seacht gcinn déag d'aonaid i bhfeidhm anois agus sroicheadh an sprioc seo i bhfad roimh an spriocdháta de dheireadh na bliana 2008. Rinneadh an roghnú bunaithe ar phróiseas measúnachta oibiachtúil a mhaoirsigh Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach. |

## Clár Gníomhachtúcháin


| Sprioc  | Dul chun cinn   |
|---|---|
| <p>Bunófar grúpa nua ardleibhéil chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar thacaíochtaí gníomhachtúcháin, ioncaim agus tacaíochtaí eile nach iad chun cabhrú le daoine poist a fháil. Beidh an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ranna Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, FÁS agus gníomhaireachtaí eile lena mbaineann de réir mar is gá. Beidh sainordú soiléir ag an nGrúpa seo ón Rialtas chun an clár gníomhachtúcháin a chur i ngníomh agus tuairisceoidh sé don Choiste Comh-Aireachta maidir le dul chun cinn ar shroicheadh na spriocanna a leagtar amach sa Phlean seo agus ceisteanna gaolmhara eile.</p> | <p>Bunaíodh Grúpa Gníomhachtúcháin comhdhéanta de ionadaithe ó na Ranna Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialach agus Teaghlaigh, FÁS agus Roinn an Taoisigh chun gníomhachtú cliantghrúpaí ar leith a bhrostú, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tugadh cothrom le dáta an Meamram Comhthuisceana agus an Creatlach Comhair idir FÁS agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.</p> <p>Laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus mar chuid den ghaol oibre leanúnach le FÁS, coimeádadh an plean gníomhaíochta fostaíochta faoi athbhreithniú leanúnach chun a éifeachtacht a mhéadú agus an próiseas tarchuir a neartú. Bhí leibhéal ard comhair agus comhordaithe ann i gcónaí ag leibhéal beartais agus oibríochta. Bhí cruinnithe rialta ag oifigigh shinsearacha na Roinne le FÁS agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Eagraíodh cruinnithe rialta idir oifigigh na Roinne agus FÁS ag leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil.</p> |





**Aguisín 1**

**Léarscáil na  
Struchtúr  
Institiúideach**



## Aguisín 2

**Tomhas Na  
Bochtaineachta  
le haghaidh  
Monatóireacht  
ar Dhul Chun  
Cinn**

# Rátaí Dearbh-Bhochtaineachta<sup>1</sup> agus i mBaol Bochtaineachta

## Staitisticí Ceannlíne

Tábla 1: Rátaí Dearbh-Bhochtaineachta

|  | 2006 (%)<br>(ag baint úsáide as an liosta díothachta 8 mír) arma fhoilsiú i Samhain 2007) | 2006 (%) (ag baint úsáide as an liosta díothachta 11 mhír) | 2007 (%)<br>(ag baint úsáide as an liosta díothachta 11 mhír arna fhoilsiú mí na Nollag 2008) |
|--|---|--|---|
| <b>Foriomlán</b>   | 6.9   | 6.5  | 5.1   |
| Fir  | 6.9   | 6.4  | 5.0   |
| Mná  | 7.0   | 6.6  | 5.2   |
| Aois 0-17  | 11.0  | 10.3   | 7.4   |
| 18-64  | 6.1   | 5.6  | 4.7   |
| 65+  | 2.1   | 2.2  | 2.0   |
| I mBun Oibre   | 1.6   | 1.5  | 1.3   |
| Dífhostaithe   | 22.8  | 22.0   | 17.5  |
| Mac Léinn  | 10.2  | 10.8   | 7.6   |
| Dualgais Bhaile  | 9.2   | 8.3  | 6.6   |
| Ar Scor  | 2.5   | 3.2  | 2.1   |
| Breuite/Faoi mhíchumas   | 20.0  | 17.9   | 15.8  |
| Aosach amháin d'aois 65+, gan leanaí                           | 4.1   | 3.4  | 4.1   |
| Aosach amháin < 65, gan leanaí < 18                            | 10.9  | 12.5   | 12.5  |
| Beirt aosach, duine amháin ar a laghad ag 65+, gan leanaí < 18 | 1.1   | 1.7  | 1.0   |
| Beirt aosach faoi 65, gan leanaí < 18                          | 5.6   | 4.4  | 3.4   |
| Beirt aosach faoi 65, gan leanaí < 18                          | 4.4   | 4.3  | 3.5   |
| Triúr aosach nó níos mó, gan leanaí <18                        | 35.2  | 33.9   | 20.1  |
| Aosach amháin le leanaí < 18                                   | 4.4   | 3.8  | 2.6   |
| Beirt aosach le 1-3 leanbh <18                                 | 6.4   | 5.9  | 6.0   |
| Teaghlaigh eile ina bhfuil leanaí < 18                         |   |  |   |

Foinse: Suirbhé an Phríomhoifig Staidrimh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála in Éirinn (SILC) 2006 agus 2007

1 (Féach iar-scríbhinn 1) Bunaíodh rátaí dearbh-bhochtaineachta 2006 ar an innéacs ocht mír bundíothachta agus 'i mbaol bochtaineachta' arb é an bonn le sprioc oifigiúil an rialtais mar a leagadh amach in *Sochaí Cuimsitheach a Thógáil, 2002*. Bunaíodh rátaí dearbh-bhochtaineachta 2007 ar an innéacs 11 mhí bundíothachta agus 'i mbaol bochtaineachta' arb é an bonn leis an sprioc bochtaineachta sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*.

**Tábla 2: I mBaol Bochtaineachta**

| Rátaí i mbaol bochtaineachta - Céatadán na ndaoine faoi 60% den mheánioncáim |  | 2006 (%)         | 2007 (%) |
|--|--|------------------|----------|
|  |  | <b>Foriomlán</b> | 17.0     |
|  | Bearna na Bochtaineachta                                       | 17.5             | 17.4     |
|  | 'I mbaol bochtaineachta daingnithe ag pointe ama' (2005)       | 16.3             | 11.9     |
|  | Fir  | 16.6             | 16.0     |
|  | Mná  | 17.4             | 17.0     |
|  | Aois 0-17  | 22.3             | 19.9     |
|  | 18-64  | 15.4             | 15.0     |
|  | 65+  | 13.6             | 16.6     |
|  | I mBun Oibre   | 6.5              | 6.7      |
|  | Dífhostaithe   | 44.0             | 38.7     |
|  | Mac Léinn  | 29.5             | 25.2     |
|  | Dualgais Bhaile  | 23.8             | 25.3     |
|  | Ar Scor  | 14.8             | 17.6     |
|  | Breuite/Faoi mhíchumas   | 40.8             | 37.0     |
|  | Aosach amháin d'aois 65+, gan leanaí                           | 19.3             | 24.3     |
|  | Aosach amháin < 65, gan leanaí < 18                            | 31.0             | 29.6     |
|  | Beirt aosach, duine amháin ar a laghad ag 65+, gan leanaí < 18 | 10.8             | 11.5     |
|  | Beirt aosach, duine amháin ar a laghad ag 65+, gan leanaí < 18 | 14.8             | 15.0     |
|  | Beirt aosach faoi 65, gan leanaí < 18                          | 10.0             | 10.2     |
|  | Triúr aosach nó níos mó, gan leanaí <18                        | 45.6             | 37.6     |
|  | Triúr aosach nó níos mó, gan leanaí <18                        | 12.0             | 13.7     |
|  | Aosach amháin le leanaí < 18                                   | 20.8             | 16.5     |
|  | Beirt aosach le 1-3 leanbh <18                                 |                  |          |
|  | Teaghlaigh eile ina bhfuil leanaí < 18                         |                  |          |

Foinse: Suirbhé an Phríomhoifig Staidrimh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála in Éirinn (SILC) 2006 agus 2007



**An Rannán um Chuimsiú Sóisialta**  
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Gandon House  
Amiens Street  
Dublin 1  
Tel: 01 7043 032